AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2022
COM(2022) 716 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Spás sibhialta bisiúil chun na cearta bunúsacha a chumhdach san Eoraip**

**Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Cur i bhFeidhm Cháirt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**

# Spás sibhialta bisiúil chun na cearta bunúsacha a chumhdach san Eoraip

## Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le
## Cur i bhFeidhm Cháirt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Clár na n-ábhar


**1. Réamhrá** .......... 1

**2. Ról ríthábhachtach eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí ceart** .......... 8

**3. ESSanna agus cosantóirí ceart a chosaint** .......... 15

**4. Tacaíocht a thabhairt do ESSanna agus cosantóirí ceart** .......... 23

**5. ESSanna agus cosantóirí ceart a chumhachtú** .......... 30

**6. Conclúid** .......... 40

## 1. Réamhrá

Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') tugtar le chéile réimse leathan ceart bunúsach agus athdhearbhaítear go bhfuil an tAontas bunaithe ar luachanna na gceart bunúsach, an daonlathais agus an smachta reachta. De bharr chineál ceangailteach na Cairte, tháinig córas dlí an Aontais chun bheith ina eiseamláir ar chosaint ceart bunúsach.

*Cathain atá feidhm ag an gCairt?*

Ó bhí 2009 ann tá an stádas dlí céanna ag an gCairt agus atá ag na Conarthaí, arb iad dlí príomha an Aontais iad ar a bhfuil reachtaíocht an Aontais bunaithe[1]. Ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha í a chomhlíonadh ina gcuid gníomhaíochtaí uile, agus ní mór do Bhallstáit í a chomhlíonadh nuair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme[2].

Is ag cur dlí an Aontais chun feidhme a bhíonn Ballstáit, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéanann siad na nithe seo a leanas:

- éifeacht a thabhairt do reachtaíocht an Aontais trí bhearta náisiúnta cur chun feidhme a ghlacadh;
- dlíthe a ghlacadh maidir le hábhar a bhforchuireann dlí an Aontais oibleagáidí nithiúla ina leith[3] nó a dtugann caoi lena mhaolú;
- forálacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme nuair a chaitheann siad airgead as cláir cistiúcháin an Aontais; Ní mór do Bhallstáit a áirithiú go gcaitear cistí an Aontais i gcomhréir leis na rialacha sa reachtaíocht ar a bhfuil an cistiú bunaithe.

Chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na Cairte agus eolas an phobail uirthi a mhéadú, chuir an Coimisiún Eorpach an **straitéis chun neartú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas** ('an straitéis um an gCairt')[4] i láthair in 2020. Mar a leagtar amach sa straitéis um an gCairt, tá cur chuige téamach á ghlacadh ag an gCoimisiún anois i leith a thuarascálacha bliantúla Cairte chun roinnt de na saincheisteanna is práinní maidir le cearta bunúsacha agus cur i bhfeidhm na Cairte sna réimsí roghnaithe a chur i dtábhacht.

---

[1] Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).
[2] Airteagal 51(1) den Chairt.
[3] I gcás ina nglacfaidh Ballstáit dlíthe i réimse nach bhfuil aon inniúlacht ag an Aontas ina leith agus i gcás nach ann d'aon dlí de chuid an Aontais ina leith, níl siad ag cur dlí an Aontais chun feidhme agus níl feidhm ag an gCairt maidir leo. Go leor de na cearta bunúsacha a chumhdaítear leis an gCairt, áfach, leagtar amach freisin iad i mbunreachtanna agus cásdlí náisiúnta, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shínigh na Ballstáit uile.
[4] COM(2020) 711 final. Dírítear leis an straitéis um an gCairt ar ghníomhaíocht faoi cheithre shnáithe: 1) a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit an Chairt i bhfeidhm go héifeachtach; 2) eagraíochtaí sochaí sibhialta, cosantóirí ceart agus cleachtóirí ceartais a chumhachtú; 3) úsáid na Cairte a chothú chun treoraíocht a thabhairt d'institiúidí an Aontais; agus 4) feasacht na ndaoine maidir lena gcearta faoin gCairt a neartú.

*Dul chun cinn maidir leis an straitéis um an gCairt a chur chun feidhme*

- Ghlac an Coimisiún tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, tuarascáil atá tiomnaithe do *chosaint na gceart bunúsach sa ré dhigiteach*[5].
- D'ainmnigh 22 Bhallstát go dtí seo *pointe fócasach Cairte* chun comhar a chothú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte a chur chun cinn; tháinig na pointí fócasacha le chéile den chéad uair i mí an Mheithimh 2022.
- Rinneadh *measúnú ar bhreis agus 400 clár airgeadais de chuid na mBallstát* chun a ráthú go gcuirfear socruithe éifeachtacha i bhfeidhm chun a áirithiú go n-urramófar an Chairt agus na cistí AE lena mbaineann á gcur chun feidhme ('coinníoll cumasúcháin cothrománach' maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte).
- Le linn an chéad 2 bhliain den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (an clár Cearta agus Luachanna)[6], *tugadh tacaíocht thart ar EUR 260 milliún do bheagnach 600 tionscadal* a chuireann luachanna an Aontais chun cinn agus a théann i ngleic leis an bhfuatha, an idirdhealú agus an éadulaingt san Aontas; maille leis sin, tá an clár[7] Ceartais ag cistiú tionscadal chun oiliúint a chur ar ghairmithe ceartais maidir leis na cearta bunúsacha[8].
- Mar a chuirtear i dtábhacht ina Theachtaireacht maidir le dlí an Aontais a fhorfheidhmiú i dtreo Eoraip a dhéanann beart de réir a briathair[9], chuir an Coimisiún dlús lena chuid oibre chun cearta daoine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chumhdach trí *imeachtaí um shárú*.
- Chuir an Coimisiún borradh faoina *chur chuige comhoibritheach* le Ballstáit maidir le réimsí sonracha a chumhdaítear leis an gCairt, amhail an comhrac in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe, na fuathchainte agus na fuathchoireachta.
- Tá *oiliúint ar an gCairt* agus ábhair maidir léi ar fáil ar Ardán nua Oiliúna Eorpach na Tairsí Eorpaí don ríomh-Cheartas[10], agus tá oiliúint á forbairt ag an gCoimisiún freisin chun cuidiú le foirne institiúidí an Aontais an Chairt a chur i bhfeidhm go héifeachtach

[5] Chun an chéad tuarascáil théamach a fháil, féach Protecting Fundamental Rights in the Digital Age – *2021 Annual Report on the Application of the EU Charter of Fundamental Rights* [Cearta Bunúsacha a Chosaint sa Ré Dhigiteach – Tuarascáil Bhliantúil 2021 maidir le Cur i bhFeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh]; COM(2021) 819 final.

[6] https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/citizens-equality-rights-and-values-programme_ga

[7] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/justice-programme_ga

[8]Faoin nglao ar thograí le haghaidh deontas gníomhaíochta chun tacú le tionscadail thrasnáisiúnta oiliúna breithiúnaí maidir leis an dlí sibhialta, an dlí coiriúil nó cearta bunúsacha, chuir an Coimisiún tuairim is EUR 5 mhilliún ar fáil chun tacú le tionscadail maidir le hoiliúint ar an dlí sibhialta, ar an dlí coiriúil, agus ar chearta bunúsacha, mar a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear cosaint na sonraí.

[9] COM(2022) 518 final.

[10] https://e-justice.europa.eu/european-training-platform/home_en

ina gcuid oibre laethúla.

- Tá a *ndea-chleachtais maidir le húsáid na Cairte agus feasacht uirthi* curtha ar fáil ag 15 Bhallstát go dtí seo ar an Tairseach Eorpach don ríomh-Cheartas[11] agus tá an fhaisnéis sin á tabhairt cothrom le dáta acu ar an Uirlis Faisnéise maidir le Cearta Bunúsacha[12] freisin.
- Tá an bunachar sonraí Charterpedia[13] tugtha cothrom le dáta arís ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus tá cúrsaí nua ar líne forbartha aici atá dírithe ar réimse chur i bhfeidhm na Cairte.
- Chun feasacht daoine maidir lena gcearta faoin gCairt a neartú, sheol an Coimisiún an *feachtas*#RightHereRightNow in 2021[14]. Soláthraítear faisnéis maidir leis an gCairt freisin trí 'Do chearta san Aontas Eorpach' ar an Tairseach Eorpach don ríomh-Cheartas[15] agus ar Europa[16].

Sa straitéis um an gCairt, gheall an Coimisiún go dtacódh sé le timpeallacht chumasúcháin le haghaidh ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus go ngníomhódh sé in aghaidh bearta a sháraíonn dlí an Aontais, lena n-áirítear bearta a sháraíonn an Chairt, nuair a dhéanann na bearta sin difear d'eagraíochtaí sochaí sibhialta. Cuireadh i dtábhacht sa straitéis um an gCairt freisin a thábhachtaí atá sé institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna) atá láidir neamhspleách a bhunú agus a choinneáil ar bun.

Sin é an fáth a ndírítear i dtuarascáil 2022 ar an *spás sibhialta agus a ról chun na cearta bunúsacha faoin gCairt a chosaint agus a chur chun cinn*.

Tá eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna)[17] agus cosantóirí ceart [18] fíor-riachtanach inár sochaithe daonlathacha bunreachtúla chun beocht a chur sna luachanna agus sna cearta a

---

[11] https://e-justice.europa.eu/37134/EN/member_states_best_practices_on_the_charter
[12] https://e-justice.europa.eu/459/EN/fundamental_rights_interactive_tool
[13] Cumhdaítear leis sin raon fairsing faisnéise maidir leis an gCairt, lena n-áirítear cásdlí leis na cúirteanna náisiúnta a thagraíonn don Chairt. Chuir an Ghníomhaireacht an uirlis sin ar fáil freisin in aip Chairte athchóirithe. Tá uirlisí na Gníomhaireachta ar fáil anseo: https://fra.europa.eu/en/eu-charter/fra-charter-resources
[14] #RightHereRightNow (europa.eu). Mhair an feachtas ó mhí na Nollag 2021 go dtí mí na Nollag 2022 ar na meáin shóisialta agus trí imeachtaí meán. Ar na príomh-chomhpháirtithe bhí eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna), institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna) agus comhlachtaí comhionannais, FRA agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.
[15] https://e-justice.europa.eu/512/EN/your_rights
[16] https://ec.europa.eu/info/aid-development-cooperation-fundamental-rights/your-rights-eu/eu-charter-fundamental-rights_ga
[17] Chun críoch na tuarascála seo, sainmhínítear eagraíochtaí sochaí sibhialta mar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí de chuid na sochaí sibhialta, atá gníomhach i réimse na gceart bunúsach agus atá ina gcomhlachtaí nó ina n-eagraíochtaí féinrialála deonacha arna mbunú chun cuspóirí a mbunaitheoirí nó a gcomhaltaí a shaothrú, ar cuspóirí neamhbhrabúsacha go bunúsach iad. Féach Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Moladh Chomhairle na hEorpa CM/Rec(2007)14 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le stádas dlí eagraíochtaí neamhrialtasacha san Eoraip. Féach freisin Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, faoi nach gcuirtear

chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chairt agus iad a chosaint[19]. Soláthraíonn siad a gcuid saineolais do cheapadh beartas agus obair reachtach na n-údarás náisiúnta agus institiúidí an Aontais agus cuidíonn siad lena áirithiú go dtugtar na comhlachtaí sin chun cuntais as urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus don smacht reachta. Mar a léireofar sa tuarascáil seo, tá bearta déanta ag na Ballstáit agus ag an Aontas, ar leibhéil éagsúla, chun gníomhaithe na sochaí sibhialta a chosaint, a thacú agus a chumhachtú, agus chun raon deiseanna a chur ar fáil dóibh chun comhoibriú lena chéile. Le blianta beaga anuas, áfach, tá dúshláin a bhaineann le cúngú an spáis shibhialta curtha os comhair ESSanna agus cosantóirí ceart. Tá bearta éagsúla dlí, riaracháin agus polaitiúla tar éis teorainn a chur de réir a chéile lena saoirsí bunúsacha, rud a dhéanann difear dá gcumas gníomhaíochtaí a thacaíonn le cearta bunúsacha a dhéanamh mar chomhpháirtithe straitéiseacha don Aontas agus do na Ballstáit[20].

D'ainneoin na ndúshlán sin, léiríonn ESSanna agus cosantóirí ceart athléimneacht shuntasach trína bheith ag leanúint dá gcuid oibre. I roinnt Ballstát, d'imir siad ról fíor-riachtanach le linn *phaindéim COVID-19*[21] agus *i gcogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine*[22] agus bhí siad ar an túslíne ag áirithiú go dtuigtear na riachtanais atá ag daoine aonair, go gcuirtear in iúl iad agus go bhfreastalaítear orthu, agus go gcosnaítear a gcearta[23].

---

teorainn le coincheap 'cosantóirí chearta an duine' mar choincheap a bhaineann le ESSanna amháin, ach faoina bhféadfar freisin daoine aonair agus grúpaí eile a áireamh ann. Faoi dhlí an Aontais, sainmhínítear 'cosantóirí chearta an duine' mar 'dhaoine aonair, grúpaí agus orgáin na sochaí a chuireann chun cinn agus a chosnaíonn cearta an duine agus saoirsí bunúsacha atá aitheanta go huilechoiteann' *European Union guidelines on human rights defenders* [Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le cosantóirí chearta an duine] (2008), lch. 2.

[18] Chun críoch na tuarascála seo, is éard a thuigtear as 'cosantóirí ceart' go gcumhdaítear leo NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus institiúidí ombudóra chomh maith le ESSanna. Ní áirítear iontu comhlachtaí neamhspleácha eile, amhail Údaráis Cosanta Sonraí, ná páirtithe polaitiúla nó ceardchumainn.

[19]Rud a aithnítear freisin sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú, an 5 Márta 2021, lgh. 3, 11.

[20] Féach European Partnership for Democracy (an Chomhpháirtíocht Eorpach um Dhaonlathas), *Repression and Resilience: Diagnosing closing space mid-pandemic* (2021), lch. 9. Féach freisin FRA, *Europe's civil society: still under pressure – 2022 update [Sochaí shibhialta na hEorpa: faoi bhrú go fóill – uasdátú 2022]* (2022) agus nóta treorach na Náisiún Aontaithe, *Protection and Promotion of Civic Space* (2020). Cé go spriocdhírítear bearta áirithe ar ESSanna d'fhonn a ngníomhaíochtaí a chur i gcontúirt, ní gá i gcónaí gurb amhlaidh an cás agus d'fhéadfadh sé gur tionchar diúltach inmhianaithe atá ann de dheasca bearta a bhfuil cuspóir dlisteanach acu, go háirithe i gcás nár cuireadh chun feidhme go comhréireach iad.

[21] Féach Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *The response of civil society organisations to face the Covid-19 pandemic and the consequent restrictive measures adopted in Europe* [Freagairt eagraíochtaí sochaí sibhialta agus aghaidh á tabhairt acu ar phaindéim COVID-19 agus ar na bearta srianta a ghlac an Eoraip dá deasca] (2021).

[22] https://www.eesc.europa.eu/en/news-media/news/civil-society-organisations-helm-volunteer-assistance-ukrainian-civilians

[23] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 12.

*An tábhacht a bhaineann le ESSanna agus cosantóirí ceart le linn géarchéime*

Le linn phaindéim COVID-19, chuir ESSanna agus cosantóirí ceart ar son *bearta trédhearcacha comhréireacha chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil sláinte* agus, i mBallstáit áirithe, sholáthair siad cúnamh fíor-riachtanach dóibh siúd a ndearna an éigeandáil difear dóibh.[24]

Tá príomhról imeartha ag ESSanna chun *an bhréagaisnéis a chomhrac in éigeandálaí*, i gcomhar le heagraíochtaí Eorpacha seiceála fíricí agus institiúidí poiblí sna Ballstáit[25].

Ó bhris cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine amach, shlóg ESSanna agus cosantóirí ceart chun daoine easáitithe san Úcráin agus iad siúd a theith chuig na Ballstáit a ghlacadh isteach agus tacaíocht a thabhairt dóibh[26]. Bhunaigh siad seirbhís thiomanta chun *leanaí a theith ón gcoimhlint a athaontú lena dteaghlaigh agus a gcaomhnóirí*[27]. Tá siad ag obair freisin chun dea-chleachtais a roinnt maidir leis an gcaomhnóireacht ar leanaí neamhthionlactha agus leanaí scartha a thagann isteach san Aontas ón Úcráin.

Chun comhroinnt faisnéise agus comhordú ar thionscnaimh i measc gníomhaithe na sochaí sibhialta a éascú, bhunaigh an Coimisiún líonra tiomanta de pháirtithe leasmhara sláinte darb ainm 'Tacaíocht a thabhairt don Úcráin, do Bhallstáit de chuid an Aontais ar comharsa dóibh an Úcráin, agus don Mholdóiv' ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais[28].

Tá ról suntasach imeartha ag ESSanna freisin chun *ainghníomhartha a dhoiciméadú*, ag déanamh scrúdú ar chomharthaí a léiríonn go ndearnadh coireanna idirnáisiúnta agus gur díbríodh saoránaigh Úcránacha chuig an Rúis le forneart. Tá *fothú acmhainneachta le haghaidh fhorfheidhmiú dhlí na hÚcráine agus a córas ceartais* á dhéanamh acu freisin chun go mbeifear

[24] Féach European Civic Forum (Fóram Eorpach na Saoránach), *Towards vibrant European civic and democratic space* (2022), lch. 11. Is eagraíochtaí sochaí sibhialta a chuir chun feidhme beagnach leath na mbeart nua a rinneadh sna Ballstáit chun tacú le híobartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus lena gclann, agus chun iad a chosaint, le linn na dtréimhsí dianghlasála: féach An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne *The Covid-19 pandemic and intimate partner violence against women in the EU [Paindéim COVID-19 agus an foréigean teaghlaigh ar mhná* (2021), p. 18. Sa **Pholainn**, rinne 15.8 % de ESSanna gníomhaíochtaí breise chun cúnamh níos fearr a thabhairt dá dtairbhithe le linn na paindéime, agus sa **Phortaingéil**, rinne ESSanna agus cosantóirí ceart faisnéis maidir le vacsaínithe a scaipeadh i measc pobail ar deacair teacht orthu. Vacsaíníodh 600 000 saoránach eachtrannach dá thoradh sin, gan beann ar a stádas imirce. Féach comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 4.

[25] Féach an Teachtaireacht Chomhpháirteach, *Tackling COVID-19 disinformation - Getting the facts right [Dul i ngleic le bréagaisnéis maidir le COVID-19 - Léamh ceart ar na fíorais]*, JOIN(2020) 8 final.

[26] Chun forbhreathnú a fháil ar na cineálacha tacaíochta a sholáthraítear don tsochaí shibhialta le linn chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, féach FRA, *Europe's civil society: still under pressure – 2022 update* (2022), lgh. 45-50.

[27] https://missingchildreneurope.eu/ukraine/

[28] Tugann Ardán Beartais Sláinte an Aontais níos mó ná 5 000 rannpháirtí gníomhach as níos mó ná 80 líonra le chéile, amhail grúpaí othar agus eagraíochtaí gairmithe sláinte, údaráis de chuid na mBallstát agus an Coimisiún. Thacaigh an Coimisiún leis an líonra chun cistiú a shainaithint agus a fháil le haghaidh thionscnaimh ESSanna a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe ón Úcráin agus d'othair maidir le hábhair amhail an mheabhairshláinte agus riachtanais shíceolaíocha. Ina theannta sin, d'ardaigh Gradam Sláinte an Aontais feasacht maidir leis an ról a imríonn ESSanna, cathracha agus scoileanna chun an daonlathas rannpháirteach agus an tsaoránacht ghníomhach a neartú i réimse na sláinte poiblí.

in ann imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar choireanna líomhainte cogaidh agus coireanna líomhainte in aghaidh an chine dhaonna ag féachaint don líon mór cásanna atá tuairiscithe[29].

I gcomhthéacs an dá ghéarchéim, bhí ról lárnach ag ESSanna á chur in iúl ón talamh cén cruatan breise a fhulaingíonn grúpaí sonracha, amhail mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine LGBTIQ, na Romaigh agus seanóirí, agus rannchuidigh siad, dá bhrí sin, le cinntí eolacha a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr dul i ngleic lena riachtanais shonracha[30].

Déantar an tuarascáil seo ag tráth cinniúnach le haghaidh spás sibhialta an Aontais. Is cuid í d'iarrachtaí an Choimisiúin aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a dhéanann ESSanna agus cosantóirí ceart chun bunluachanna an Aontais a chumhdach agus dá ngealltanas féin tacú lena gcuid oibre, ina ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach araon[31]. In Aontas atá bunaithe ar chearta bunúsacha, ar an smacht reachta agus ar an daonlathas, tá ról ríthábhachtach ag gníomhaithe na sochaí sibhialta na cearta bunúsacha faoin gCairt a chur chun cinn agus a chosaint agus cuidíonn siad lena áirithiú go gcuirfear an Chairt i bhfeidhm mar is cuí. Comhlánaíonn sí amhlaidh na tuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta[32], an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach[33], an Scórchlár Ceartais AE[34], agus obair Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)maidir le spás sibhialta[35]. Athdhearbhaítear sa tuarascáil gur cheart ESSanna agus cosantóirí ceart a bheith in ann oibriú i dtimpeallacht ina n-urramaítear a gcearta bunúsacha féin. Cuirtear i láthair samplaí den chaoi a mbaintear an méid sin amach nó a dtugtar dúshlán ina leith ar leibhéal an Aontais agus ar an

[29] Féach Political Declaration of the Ministerial Ukraine Accountability Conference, pointí 13, 14, Eurojust, *Guidelines for Civil Society Organisations on Documenting International Crimes and Human Rights Violations for Criminal Accountability Purposes* [Treoirlínte le haghaidh Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta maidir le Coireanna Idirnáisiúnta agus Sáruithe ar Chearta an Duine a Dhoiciméadú chun Críoch Cuntasachta Coiriúla] (2022). Tá deontais á bhfáil ag roinnt ESSanna ón Úcráin a dhíríonn ar dhoiciméadú agus ar chumarsáid maidir le coireanna cogaidh (cuid de 5 AM Coalition) ón Aontas nó ó thionscadail a chistíonn an tAontas.

[30] FRA, *Europe's civil society: still under pressure - 2022 update [Sochaí shibhialta na hEorpa: faoi bhrú go fóill – uasdátú 2022]* (2022).

[31] Cé nach infheidhme go docht don Chairt i gcaidrimh sheachtracha an Aontais faoi Airteagal 51(1), tá a cuid forálacha ina gceangal ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear na ranna atá freagrach as caidrimh sheachtracha an Aontais, ina gcuid gníomhaíochtaí uile. Thairis sin, gan beann ar na comhthéacsanna éagsúla dlí agus beartais i ngníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach, tá seantaithí ag na ranna sin ar a bheith ag obair le ESSanna agus cosantóirí ceart agus á gcosaint, agus ar fhaireachán a dhéanamh orthu agus idirphlé a choinneáil ar bun leo.

[32] Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach; COM(2022) 500 final.

[33] COM(2020) 790 final.

[34] https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_ga

[35] Féach FRA, *Challenges facing civil society organisations working on human rights in the EU* [Dúshláin roimh eagraíochtaí sochaí sibhialta a bhíonn ag obair ar chearta an duine san Aontas] (2018), FRA, *Protecting civic space in the EU* [Spás sibhialta san Aontas a chosaint] (2021), agus FRA, *Europe's civil society: still under pressure – 2022 update* [Sochaí shibhialta na hEorpa: fós faoi bhrú – nuashonrú 2022] (2022). Féach freisin https://fra.europa.eu/fr/cooperation/civil-society/civil-society-space.

leibhéal náisiúnta. Tá an tuarascáil ina freagra ar ghlaonna ón Aontas chun tuilleadh gníomhaíochta, lena n-áirítear iad siúd a rinneadh mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[36].

*Cén fhaisnéis ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe?*

Braitheann an tuarascáil ar mheasúnú cáilíochtúil ar thorthaí comhairliúchán a rinne an Coimisiún agus a ndearna an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha anailís orthu agus ar fhoinsí eile, lena n-áirítear:

- ceithre chomhairliúchán spriocdhírithe leis na páirtithe seo a leanas: (i) na Ballstáit[37]; (ii) sé cinn de scátheagraíochtaí sochaí sibhialta Eorpacha agus cosantóirí ceart a bhíonn ag obair i réimse na gceart bunúsach; (iii) dhá eagraíocht idirnáisiúnta; agus (iv) líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI) agus líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet);
- comhairliúchán ar líne le 150 ESS trí líonra sochaí sibhialta na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, an Clár Oibre um Chearta Bunúsacha[38];
- rannchuidithe a fuarthas agus tuarascálacha eile de chuid an Choimisiúin á n-ullmhú, amhail an tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta;
- tuarascálacha ó institiúidí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, go háirithe iad siúd ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha a dhíríonn ar an spás sibhialta, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta[39].

Roghnaítear na samplaí sa tuarascáil seo chun forbairtí suntasacha le blianta beaga anuas a léiriú agus chun idir dhúshláin agus ghnéithe dearfacha a shainaithin páirtithe leasmhara sna Ballstáit a chur i láthair. Na samplaí de bhearta agus tionscnaimh náisiúnta agus na tuairiscí orthu, níl siad cuimsitheach agus ní chuirtear san áireamh iad ach chun críoch léiriúcháin. Cuirtear bearta agus tionscnaimh bhreise i láthair sna tuarascálacha achomair maidir leis na comhairliúcháin agus na

[36] An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: Tuarascáil ar an toradh deiridh, féach go háirithe: 'An tsochaí shibhialta … a áireamh i bpróiseas rannpháirtíochta na saoránach' (Togra 36, lch. 79, pointe 5); 'Tacaíocht struchtúrtha níos fearr a chur ar fáil, ó thaobh airgeadais agus eile de, don tsochaí shibhialta, go háirithe don tsochaí shibhialta don aos óg …. [D]'fhéadfaí é sin a bhaint amach ... trí straitéis tiomanta don tsochaí shibhialta' (pointe 8); 'An comhar idir reachtóirí AE agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú chun leas a bhaint as an nasc idir cinnteoirí agus saoránaigh atá in eagraíochtaí na sochaí sibhialta' (pointe 10); 'Athchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach trí ról níos mó a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta eagraithe' (Togra 39.6, lch. 83); 'Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta eagraithe a áireamh níos fearr sa phróiseas cinnteoireachta, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad i saol daonlathach na hEorpa' (Togra 40.5, lch. 84).

[37] Fuarthas freagra ó 22 de na 27 mBallstát ar ar gcomhairliúchán spriocdhírithe.

[38] https://fra.europa.eu/en/cooperation/civil-society

[39] Cuireann an tuarascáil lena bhfuil i dtuarascálacha le déanaí maidir leis an spás sibhialta agus an tsochaí shibhialta ó Pharlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, FRA (féach fonóta 35), na Náisiúin Aontaithe, agus Comhairle na hEorpa.

rannchuidithe aonair[40]. Ba mar phríomhtháscairí idirspleácha ar thimpeallacht chumasúcháin le haghaidh na sochaí sibhialta a roghnaíodh na topaicí i ngach caibidil (atá tiomanta don tsochaí shibhialta a chosaint, tacaíocht a thabhairt dó, agus é a chumasú).

## 2. Ról ríthábhachtach eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí ceart

Déanann ESSanna agus cosantóirí ceart go leor gníomhaíochtaí sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ós rud é gur grúpa ilghnéitheach iad, tá réimse ESSanna ann idir chinn a bhfuil sainorduithe acu a bhaineann le cearta bunúsacha agus chinn eile a sholáthraíonn saineolas nó tacaíocht speisialaithe maidir le cearta áirithe. D'fhéadfaidís a bheith ag déanamh gníomhaíochtaí ar fud an náisiúin nó d'fhéadfadh sainchúram réigiúnach nó áitiúil a bheith orthu. D'fhéadfadh sé freisin go mbíonn siad ag déanamh réimse leathan gníomhaíochtaí nó ag díriú ar chineál áirithe oibre amháin, amhail abhcóideacht nó soláthar seirbhísí atá curtha in oiriúint do riachtanais a gcomhaltaí nó a dtairbhithe[41]. Chomh tábhachtach céanna leo sin, bíonn NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus institiúidí ombudóra freisin ag rannchuidiú ar go leor bealaí le gníomhaíochtaí a chuireann dlí agus beartas an Aontais chun feidhme.

*Feasacht a ardú*

Is éard a bhíonn ESSanna agus cosantóirí ceart a dhéanamh feasacht a ardú i measc an phobail, grúpaí sonracha agus údaráis na mBallstát maidir le cearta bunúsacha agus a bhforfheidhmiú, cinnteoireacht dhaonlathach agus an smacht reachta, á gcur ar an eolas faoi na nithe sin agus ag cur oideachas agus oiliúint orthu iontu. Agus sin á dhéanamh acu, bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart ag cur cultúr ceart agus cuntasachta daonlathaí chun cinn san Aontas. Sa **Chróit**, mar shampla, déanann an tOmbudsman státseirbhísigh agus breithiúna a oiliúint ar an gCairt. Áirítear air sin na hoibleagáidí a eascraíonn as an gCairt, chomh maith leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint aisti i bhfeachtais, i ngníomhaíochtaí abhcóideachta agus chun tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh sáruithe ar chearta an duine[42]. Sa **Liotuáin**, d'eagraigh ESSanna imeacht idirnáisiúnta idirghníomhach le déanaí chun feasacht a ardú i measc daoine óga maidir leis an bhfuathchaint

[40] Rinne FRA measúnú agus achoimre ar thorthaí na gceithre chomhairliúchán spriocdhírithe. Féach na tuarascálacha achoimre ar na comhairliúcháina agus na freagraí aonair ar na comhairliúcháin a rinne n Ballstáit agus na páirtithe leasmhara.

[41] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 2. Tugann NHRInna tosaíocht dá gcuid oibre freisin i gcomhréir leis an staid náisiúnta agus leis na riachtanais is práinní, agus díríonn comhlachtaí comhionannais ar reachtaíocht chomhionannais agus neamh-idirdhealaithe a chur chun feidhme (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 6).

[42] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 8. Sa **tSualainn**, rinne ESS tionscadal stát-mhaoinithe chun siopaí suathaireachta a chur ar an eolas maidir le riosca an fhoréigin in aghaidh ban atá nasctha leis an striapachas agus an ngáinneáil ar dhaoine. Leis an tionscadal, cruthaíodh lipéad le haghaidh siopaí suathaireachta, cuireadh iad siúd atá bainteach leo ar an eolas faoin riosca agus táirgeadh ábhar faisnéise le haghaidh anailísí riosca agus gníomhaíocht bheartais laistigh de chuideachtaí móra (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 2).

agus a hiarmhairtí ar an tsochaí agus chun iad a oiliúint i scileanna chun í a chomhrac agus iad a spreagadh chun na scileanna sin a fhorbairt[43].

Ina theannta sin, bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart ag soláthar faisnéis maidir le hábhair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don phobal agus maidir leis na modhanna is féidir le daoine a bheith rannpháirteach i bpróisis cinnteoireachta daonlathaí. Bíonn gníomhaithe na sochaí sibhialta ag slógadh daoine chun a ndearcthaí a chur in iúl go poiblí trí léirsithe, achainíocha, reifrinn agus painéil saoránach. Is féidir leo feasacht a ardú agus abhcóideacht a dhéanamh ar son beartas agus reachtaíochta go comhpháirteach thar theorainneacha na mBallstát ina n-aonar, ag cur eolas luachmhar ón leibhéal náisiúnta in iúl do chinnteoirí an Aontais nó cinnteoirí idirnáisiúnta agus an bealach eile timpeall[44].

*Faireachán*

Déanann ESSanna agus cosantóirí ceart faireachán ar conas a urramaítear cearta bunúsacha ar an talamh agus tá feidhm faire thábhachtach acu. Is minic gurb iadsan is túisce a fhaigheann faisnéis maidir leis na héifeachtaí atá ag bearta reachtacha agus beartais, agus is maith mar is féidir leo mar sin moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach a bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhearta atá ann cheana. Faigheann siad faisnéis dhíreach maidir le sáruithe féideartha ar chearta. In **Éirinn**, mar shampla, tá ról oifigiúil aitheanta ag ESSanna chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéisí náisiúnta comhionannais maidir leis an imirce, comhionannas inscne, cearta an Lucht Siúil agus na Romach, cuimsiú LGBTIQ agus cearta daoine faoi mhíchumas[45]. Sa **Rómáin**, le linn na paindéime, rinne an tOmbudsman measúnú ar an tionchar a d'imir bearta náisiúnta ar chearta bunúsacha agus d'eisigh moladh maidir le hurraim do chearta an duine agus na bearta eisceachtúla a ordaíodh le linn na staide éigeandála agus na staide foláirimh[46]. I roinnt Ballstát, rannchuidíonn ESSanna agus cosantóirí ceart go mór leis na nósanna imeachta faireacháin a dhéanann comhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine ar thíortha go tráthrialta[47].

---

[43] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lgh. 5-6.

[44] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 4. Mar shampla, is gluaiseacht stailce aeráide domhanda í Fridays for Future faoi cheannas agus eagar daoine óga ar cuireadh tús léi sa tSualainn. Soláthraíonn siad faisnéis maidir le saincheisteanna aeráide agus tairgeann acmhainní agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo tionchar a imirt ar cheapadh beartas trí léirsithe agus stailceanna comhchosúla, https://fridaysforfuture.org.

[45] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 6.

[46] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 8.

[47] Bainteach le ballraíocht i gComhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, mar shampla, tá idirphlé le ESSanna ina n-oibríonn rialtais go gníomhach le ESSanna ar shaincheisteanna chearta an duine agus ina gcuireann siad ar a gcumas dóibh gabháil d'obair na Comhairle (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 6). Spreagann Comhairle na hEorpa tuairisciú agus rannpháirtíocht ó ESSanna, féach mar shampla an lámhleabhar Working with the Council of Europe: a practical guide for civil society, chomh maith le: https://www.coe.int/en/web/anti-human-trafficking/role-of-ngos, https://www.coe.int/en/web/minorities/role-of-

*Tacaíocht a thabhairt do shealbhóirí ceart*

Tugann ESSanna agus cosantóirí ceart tacaíocht do shealbhóirí ceart agus d'íospartaigh sáruithe ar chearta bunúsacha trína gcearta a mhíniú, a chosaint agus a fhorfheidhmiú[48]. Déanann siad é sin trí fhaisnéis a bhailiú agus a sholáthar, sáruithe a líomhnaítear a imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh do chomhlachtaí faireacháin náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Tugann cuid acu cúnamh d'íospartaigh sáruithe leigheasanna breithiúnacha nó neamhbhreithiúnacha a lorg, cúnamh dlí a thairiscint nó dlíthíocht straitéiseach a dhéanamh[49]. Bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla go hidirnáisiúnta agus cúnamh á thabhairt acu do ghearánaithe aonair comhlachtaí faireacháin um chearta an duine a chur ar an eolas maidir le cúiseanna imní. Déanann comhlacht comhionannais na **Beilge**, mar shampla, dlíthíocht ar son fostaithe a líomhnaítear go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh ar bhonn gnéis[50] agus sa **tSlóivéin**, is féidir leis an Ombudsman gearáin bhunreachtúla a dhéanamh maidir le sáruithe ar chearta bunúsacha i gcásanna aonair[51]. San **Ísiltír**, rinne comhghuaillíocht de ESSanna agus daoine príobháideacha imeachtaí a thionscnamh inar líomhnaíodh gur sáraíodh Airteagail 7 agus 8 den Chairt maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus maidir le cosaint sonraí pearsanta agus ina ndearnadh agóid i gcoinne dlíthiúlacht ionstraime dlí chun calaois a bhrath[52].

Tugann ESSanna agus cosantóirí tacaíocht thairis sin do shealbhóirí ceart trí sheirbhísí a sholáthar do dhaoine aonair[53]. D'fhéadfaidís forlíonadh a dhéanamh ar sheirbhísí a sholáthraíonn údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, nó a bheith faoi shainordú seirbhísí a sholáthar ar son an stáit. Sa **tSualainn**, mar shampla, tairgeann tearmainn neamhbhrabúsacha do mhná cóiríocht agus athshlánú d'íospartaigh foréigin inscnebhunaithe agus gáinneála ar dhaoine, agus tugann ESSanna eile tacaíocht d'iarrthóirí tearmainn agus do dhaoine aonair a mhaíonn go ndearnadh

---

ngos, https://www.coe.int/en/web/istanbul-convention/ngo agus https://www.coe.int/en/web/european-commission-against-racism-and-intolerance/civil-society.

[48] Mar shampla, le blianta beaga anuas, tharraing ESSanna aird ar thragóid na n-imirceach ar iarraidh agus thug siad chun suntais an gá atá lena sainaithint agus lena ndínit a athbhunú. D'iarr Comhairle na hEorpa go ndéanfaí gníomhaíocht láithreach ina leith sin, agus is rud a rannchuideoidh go mór le réiteach a fháil air sin an creat idir-inoibritheachta atá ar na bacáin le haghaidh chórais mhórscála TF an Aontais.

[49] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 6.

[50] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 10.

[51] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 8.

[52] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 4; a thagraíonn do Chúirt Dúiche na Háige, 5 Feabhra 2020 (ECLI:NL:RBDHA:2020:865, mír 5.1). Thionscain ESS imeachtaí freisin á mhaíomh gur ghá don stát bearta breise a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun an ceart chun beatha agus an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh a chosaint (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre, 20 Nollaig 2019, ECLI:NL:HR:2019:2007).

[53] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta, tuarascáil achoimre, lch. 7. Rinne NHRI na **Liotuáine** imscrúduithe a bhaineann le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh foréigin baile agus seirbhísí síceolaíocha a sholáthar do dhaoine in institiúidí cúraim shóisialta; Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 9.

idirdhealú ina n-aghaidh[54]. Sa **tSeicia**, d'oibrigh ESSanna le chéile chun dhá ionad thiomanta tacaíochta d'íospartaigh an aimriditihe neamhdhleathaigh a bhunú[55].

*Abhcóideacht a dhéanamh*

Bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart ag rannchuidiú freisin leis an gcinnteoireacht dhaonlathach trí abhcóideacht a dhéanamh ar son cearta bunúsacha i reachtaíocht nó i gceapadh beartas. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí comhairliúcháin a dhéanamh trí shocruithe struchtúrtha nó d'fhéadfadh ESSanna agus cosantóirí ceart iad a dhéanamh ar a dtionscnamh féin agus an deis a thairiscint do dhaoine a bheith rannpháirteach go díreach i gcinnteoireacht maidir le hábhair a dhéanann difear dóibh. Tacaíonn roinnt ESSanna agus cosantóirí ceart le rannpháirtíocht dhaonlathach grúpaí leochaileacha freisin. Sa **Bheilg**, mar shampla, bíonn ionadaithe ón tsochaí shibhialta rannpháirteach i g*Comhairle Chomhairleach na Bruiséile um Dhaoine faoi Mhíchumas* agus i g*Comhairle na Bruiséile um Chomhionannas idir Fir agus Mná* (ar bhunaigh an rialtas an dá cheann acu), ar féidir leo tuairimí a thabhairt maidir le tograí reachtacha[56]. Sa **Fhrainc**, déantar ionadaíocht ar ESSanna in *Commission Nationale consultative des Droits de l'Homme*, a chuireann tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an rialtais maidir le hábhair éagsúla, lena n-áirítear ciníochas, seineafóibe agus frithsheimíteachas, gáinneáil ar dhaoine agus idirdhealú LGBTIQ a chomhrac[57]. Bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart bainteach i roinnt Ballstát le pleananna gníomhaíochta rialtais oscailte a chur chun feidhme chun an trédhearcacht, an chuntasacht, an rannpháirtíocht, an tsláine phoiblí agus an comhar a chur chun cinn sa tsochaí[58].

*Tacaíocht a thabhairt don bhealach a gcuirtear reachtaíocht an Aontais i bhfeidhm*

Is minic a chuireann dlí an Aontais cúraimí ar ESSanna go sainráite atá ríthábhachtach chun go mbeidh reachtaíocht éifeachtach ar an talamh. Leis **an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí**[59], mar shampla, deonaítear an ceart d'eagraíochtaí tomhaltóirí fógra a

[54] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 3.
[55] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta, tuarascáil achoimre, lch. 7.
[56] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 5.
[57] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 5. Sa **Chróit**, rannchuidíonn ESSanna le Comhairle Forbraíochta na Sochaí Sibhialta agus leis an gComhairle um Chearta an Duine, chomh maith le meithleacha saineolaithe a gcuirtear de chúram orthu doiciméid beartais náisiúnta a dhréachtú (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 5).
[58] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 5), éilítear na pleananna gníomhaíochta mar chuid dá mballraíocht sa Chomhpháirtíocht um Rialtas Oscailte, a n-áirítear na comhaltaí seo a leanas uirthi: an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn; https://www.opengovpartnership.org/policy-area/civic-space-and-enabling-environment/.
[59] Rialachán (AE) 2017/2394 an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004.

thabhairt d’údaráis faoi mhí-úsáidí dhlí an Aontais um chosaint tomhaltóirí[60]. Leis an **Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta**[61] ceanglaítear ar Bhallstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh ESSanna, faoi choinníollacha áirithe[62], gabháil do nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin ábhartha ar son an ghearánaigh nó chun tacú leis.

Cuireann **Rialachán Aarhus**[63] leasaithe borradh faoin gceart atá ag eagraíochtaí comhshaoil a iarraidh ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinntí chun comhlíontacht le dlí comhshaoil an Aontais a áirithiú[64]. Leathnaigh an leasú go mór líon agus cineálacha na gcinntí ar féidir agóid a dhéanamh ina leith. Mar an gcéanna, foráiltear leis an **togra le haghaidh treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáideach** go bhfuil an ceart ag eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoi bhráid cuideachta i gcás ina bhféadfadh oibríochtaí nó slabhra luacha na cuideachta sin díobháil a dhéanamh do chearta an duine nó don chomhshaol[65].

Foráiltear leis an **Treoir maidir le Cearta Íospartach**[66] go mbunófar seirbhísí tacaíochta mar sheirbhís phoiblí nó go mbunóidh ESSanna iad[67]. Mar an gcéanna, nuair a sholáthraítear seirbhísí

---

[60] D’eisigh Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC) roinnt foláireamh a raibh sé mar thoradh orthu gur thug údaráis cosanta tomhaltóirí de chuid an Aontais caingean in aghaidh WhatsApp agus TikTok (https://www.beuc.eu/publications/consumer-groups-file-complaint-against-whatsapp-unfairly-pressuring-users-accept-its/html, https://www.beuc.eu/tiktok). Mar thoradh ar a chéad fholáireamh in aghaidh cleachtais éagóracha aerlíne, thug 16 mhór-aerlíne gealltanais go soláthróidh siad faisnéis níos fearr do phaisinéirí agus go n-aisíocfaidh siad go pras iad nuair a chuirtear eitiltí ar ceal (https://www.beuc.eu/publications/beuc-reports-major-airlines-breaching-passenger-rights-and-calls-industry-investigation/html, https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/air-travel_en).

[61] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.

[62] Is i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an dlí náisiúnta ábhartha a shainmhínítear cé na comhlachais, eagraíochtaí agus eintitis dhlíthiúla eile a cháilíonn chun leas dlisteanach a bheith acu (i.e. ó thaobh a áirithiú go gcomhlíontar forálacha na Treorach sin). Thairis sin, is le formheas an ghearánaigh amháin a fhéadfaidh na heintitis sin gabháil do nósanna imeachta breithiúnacha agus/nó riaracháin.

[63] Rialachán (AE) 2021/1767 an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí Comhphobail.

[64] Togra le haghaidh treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE, COM(2021) 851 final. Ghlac an Coimisiún teachtaireacht freisin chun an rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a éascú do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha, COM(2020) 643. Deimhnítear i mbreithiúnas ó CBAE le déanaí go ndéantar le Coinbhinsiún Aarhus, arna léamh i gcomhar leis an gCairt, oibleagáid a fhorchur ar na Ballstáit cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú agus cead a thabhairt do chomhlachais chomhshaoil a fhíorú os comhair cúirteanna náisiúnta go bhfuil rialacha áirithe de dhlí comhshaoil an Aontais á gcomhlíonadh (8 Samhain 2022, *Deutsche Umwelthilfe eV v Bundesrepublik Deutschland*, C-873/19, EU:C:2022:857).

[65] Togra le haghaidh treoir maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta Corparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM(2022) 71, lena bhforáiltear freisin comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus ESSanna.

[66] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint d’íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, aithris 62, lena n-iarrtar ar Bhallstáit oibriú go dlúth le ESSanna a chuidíonn le híospartaigh na coireachta.

[67] Airteagal 8(4) de Threoir 2012/29/AE.

tacaíochta d'íospartaigh sceimhlitheoireachta faoin **Treoir maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac**[68], déanann go leor Ballstát na seirbhísí a sholáthraíonn an stát go díreach a chomhcheangal leo siúd a sholáthraíonn ESSanna[69]. Leis an **togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**[70], deimhnítear freisin go bhféadfaidh ESSanna tacaíocht speisialtóra a sholáthar d'íospartaigh foréigin den sórt sin. Beartaítear leis freisin go gcuirfear oibleagáid ar Bhallstáit dul i gcomhairle le ESSanna maidir le seirbhísí tacaíochta, ceapadh beartas, soláthar faisnéise agus ardú feasachta, cláir thaighde agus oideachais, oiliúint agus faireachán.

Ceanglaítear le hAirteagal 4(3) de **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**[71], a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, go rachfar i ndlúthchomhairle le daoine faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, maidir le beartais a bhaineann leo[72]. I gcás cearta paisinéirí, ceanglaítear le dlí an Aontais go rachfar i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin freisin nuair a ghlacann oibreoirí aerfoirt, loinge agus críochfoirt calafoirt caighdeáin maidir le paisinéirí faoi mhíchumas[73] agus nuair a ghlacann oibreoirí iarnróid, loinge, bus agus cóiste rialacha maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí[74].

Leagtar síos leis an **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)**[75] agus an **Treoir maidir le cosaint sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí (LED)**[76] , i gcás próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta, go bhféadtar an ceart a shainordú do chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas neamhbhrabúsach gearán a dhéanamh os comhair an údaráis maoirseachta inniúil agus na cúirte náisiúnta inniúla.

---

[68] Airteagal 24 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

[69] SWD/2021/324 final, lch. 10, a thagraíonn don **Bheilg**, don **Fhrainc**, don **Ghearmáin**, don **Ghréig** agus don **Spáinn** a rinne seirbhísí a sholáthraíonn an stát go díreach a chomhcheangal le seirbhísí a sholáthraíonn ESSanna.

[70] Airteagal 27(3), Airteagal 40 agus 41 den togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, COM(2022) 105 final.

[71] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_11_4

[72] Le C(2018) 6550, Airteagal 2.2.4 d'Iarscríbhinn 1, mar shampla, ceanglaítear ar Bhallstáit dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara náisiúnta, go háirithe eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, agus aird chuí a thabhairt ar thuairim na bpáirtithe leasmhara maidir le suíomhanna gréasáin áirithe a bhfuil faireachán le déanamh orthu.

[73] Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010.

[74] Airteagal 19(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007, Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/782. Ó mhí an Mheithimh 2023 beidh oibreoirí iarnróid faoi oibleagáid dul i gcomhairle go tráthrialta leis na heagraíochtaí ionadaíocha sin de dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le caighdeáin cháilíochta le haghaidh cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas.

[75] Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 80.

[76] Treoir (AE) 2016/680, Airteagal 55.

Leis an **Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha** (DSA)[77], aithnítear a thábhachtaí atá an tsochaí shibhialta chun déileáil go héifeachtach le hábhar neamhdhleathach ar líne agus urraim do chearta bunúsacha a áirithiú an tráth céanna agus chun grinnscrúdú a dhéanamh ar na bearta trédhearcachta stóinseacha a bheidh ar na seirbhísí digiteacha a dhéanamh nuair a thiocfaidh an rialachán i bhfeidhm. Le DSA aithnítear freisin gur gá an t-eolas domhain atá ag an tsochaí shibhialta ar rioscaí sa tsochaí a chur san áireamh agus tugtar spreagadh d'ardáin an-mhór ar líne agus d'innill chuardaigh dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta nuair a bheidh a n-oibleagáidí bainistíochta riosca á gcomhlíonadh acu.

Imríonn **comhlachtaí comhionannais** ról ríthábhachtach chun reachtaíocht an Aontais maidir le cóir chomhionann a chur chun feidhme. Chun cabhrú leo sa ról sin, glacfaidh an Coimisiún tograí le haghaidh reachtaíochta chun sainordú na gcomhlachtaí comhionannais a leathnú agus chun a gcuid cumhachtaí, a gcuid acmhainní agus a neamhspleáchas a neartú chun cóir chomhionann a chur chun cinn[78].

I dteannta na gcúraimí a chuirtear i leith ESSanna agus cosantóirí ceart i reachtaíocht an Aontais, rannchuidíonn ESSanna le héifeachtacht bheartais an Aontais. Faoi **Chód Iompair AE 2016 maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac**, déanann líonra ESSanna faireachán ar chur chun feidhme na ngealltanas a rinne ardáin ar líne, ag rannchuidiú le grúpaí atá i mbaol fuathchainte a chosaint ar fud an Aontais. Mar an gcéanna, le **Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh**, tugtar ionadaithe ó rialtais agus ó fhorfheidhmiú an dlí agus ionadaithe ón tionscal teicneolaíochta agus ón tsochaí shibhialta le chéile chun srian a chur le hábhar antoisceach foréigneach, sceimhlitheoireachta agus mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith á scaipeadh[79]. Tá aghaidh á tabhairt ag an bhFóram freisin ó 2022 ar an ngné ar líne den gháinneáil ar dhaoine. Déanann an Coimisiún **Líonra an Aontais Eorpaigh um Fheasacht ar an Radacú**

[77] Togra le haghaidh Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, COM(2020) 825 final. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar rioscaí sistéamacha agus bearta maolaithe, spreagann DSA soláthraithe ardán an-mhór ar líne oibriú i gcomhar leo seo a leanas: (i) comhpháirtithe sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí chóid iompair a bhunú, chun tacú leis na rialacha a chur i bhfeidhm i gceart; agus (ii) ESSanna a dhéanann taighde eolaíoch ina fhianaise go rannchuidíonn siad le rioscaí sistéamacha san Aontas a bhrath, a shainaithint agus a thuiscint.

[78] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus chomhionannas na ndeiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE, COM(2022) 688; Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i réimse na fostaíochta agus na slí beatha idir daoine gan beann ar a reiligiún nó a gcreideamh, ar mhíchumas, ar aois ná ar ghnéaschlaonadh, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus i rochtain agus soláthar na n-earraí agus na seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE, COM(2022) 689.

[79] https://home-affairs.ec.europa.eu/networks/european-union-internet-forum-euif_en

a chomhordú freisin, ar líonra Eorpach é de chleachtóirí túslíne a oibríonn go laethúil leo siúd ar dóigh go radacófaí iad agus leo siúd atá radacaithe cheana[80].

Le **plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025**, spreagtar na Ballstáit ESSanna a tharraingt isteach i ndearadh agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus sa mheastóireacht orthu.

### 3. ESSanna agus cosantóirí ceart a chosaint

Déanann ESSanna agus cosantóirí ceart cearta faoin gCairt a chur chun cinn agus a chosaint ar an talamh, agus ní mór iad a bheith in ann oibriú i *dtimpeallacht thacúil* ina dtugtar urraim sa chéad áit dá gcearta bunúsacha féin[81]. Ní mór iad a bheith in ann a gcuid gníomhaíochtaí a shaothrú gan an stát a bheith ag cur isteach orthu gan údar[82], agus ní mór do stáit bearta a dhéanamh go gníomhach chun an spás sibhialta agus iad siúd atá gníomhach laistigh de a chosaint agus a chur chun cinn[83]. Cé go n-áirithíonn an chuid is mó de na Ballstáit an méid sin cheana, tuairiscíonn ESSanna agus cosantóirí cearta go bhfuil *réimse dúshlán, bacainní agus srianta* i mBallstáit áirithe fós a chuireann teorainn lena gcumas a ngníomhaíochtaí a dhéanamh[84]. Is minic a dhéanann srianta buiséadacha, acmhainní daonna nó dlíthiúla difear do raon feidhme a ngníomhaíochtaí.

[80] https://ec.europa.eu/home-affairs/networks/radicalisation-awareness-network-ran/about-ran_en#who-are-we. Áirítear sa líonra sin ionadaithe ón tsochaí shibhialta, oibrithe sóisialta, oibrithe óige, múinteoirí, gairmithe sláinte, ionadaithe ó na húdaráis áitiúla, póilíní agus oifigigh phríosúin a ghabhann don antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac agus d'antoiscigh fhoréigneacha a athshlánú agus a ath-lánpháirtiú.

[81] Bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart de shíor ag forbairt uirlisí chun a gcearta faoin gCairt a chosaint, go háirithe an ceart chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais, féach an Lárionad Eorpach um Dhlí Neamhbhrabúsach Stichting (ECNL), Lárionad Fondúireachta na hEorpa (EFC) agus an Líonra Deontóirí agus Fondúireachtaí san Eoraip (DAFNE), *How to Use EU Law to Protect Civic Space* [Conas Dlí an Aontais a Úsáid chun an Spás Sibhialta a Chosaint] (2020).

[82] Mar a aithníonn an Coimisiún sa straitéis um an gCairt, mar a aithníonn Parlaimint na hEorpa (rún 2021/2103(INI) agus rún tionscnaimh reachtaigh 2020/2026(INL)), agus mar a aithníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas an 18 Meitheamh 2020, *An Coimisiún v An Ungáir*, C-78/18, AE:C:2020:476, mír 113.

[83] Féach Comhairle na hEorpa, Moladh CM/Rec(2018)11 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an ngá atá ann cosaint agus cur chun cinn spás na sochaí sibhialta san Eoraip a neartú agus maidir le rún 53/144 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Declaration on the Right and Responsibility of Individuals, Groups and Organs of Society to Promote and Protect Universally Recognized Human Rights and Fundamental Freedoms (Airteagal 2).

[84] Féach Tuarascálacha FRA - fonóta 35. Féach freisin Treoirnóta ó na Náisiúin Aontaithe, *Protection and Promotion of Civic Space* (2020) , lch. 8.

*Aiseolas ón gcomhairliúchán*

Sa chomhairliúchán a rinneadh chun an tuarascáil seo a ullmhú, thuairiscigh 61 % de ESSanna a d'fhreagair go raibh bacainní rompu a chuireann teorainn lena 'spás sábháilte'[85]. Ar dhóigh níos sonraí, rinneadh ionsaithe ó bhéal agus ciapadh, imeaglú, insintí diúltacha, nó feachtais chlúmhillte nó bhréagaisnéise ar 44 % díobh[86]. Áirítear ar bhacainní eile a bhí rompu ionsuite digiteacha (19 %), coiriúlú ar obair dhaonnúil nó obair i réimse na gceart bunúsach (18 %)[87], ciapadh riaracháin (15 %), ionsuite fisiceacha ar dhaoine agus maoin (15 %), sáruithe ar chosaint sonraí (14 %), faireachas (12 %), bacainní a bhaineann le húsáid eiticiúil na teicneolaíochta nó na hintleachta saorga (9 %) agus imeachtaí sibhialta straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna) (7 %)[88]. Rinne siad sin difear go háirithe d'obair ar chearta na mban agus cearta gnéis agus atáirgthe, cearta LGBTIQ, cearta na n-imirceach agus na n-iarrthóirí tearmainn agus d'obair cosanta comhshaoil[89].

Déanann dúshláin chomhchosúla difear do chosantóirí ceart, amhail NHRInna[90]. Mar a thuairiscíonn FRA, 'rinneadh bagairtí nó ciapadh (ó bhéal nó i scríbhinn, lena n-áirítear ar líne)

---

85 Comhairliúchán 2022 FRA maidir leis an gCairt: Ceist (G) Bacainní faoi 'spás sábháilte agus cosaint'. Féach freisin FRA survey on Civic space – experiences of organisations in 2018 and 2019. [Suirbhé FRA ar an spás sibhialta – taithí eagraíochtaí in 2018 agus 2019].

86 Tá sé tuairiscithe ag páirtithe leasmhara, mar shampla, go bhfuil insintí diúltacha déanta ag oifigigh phoiblí ar ESSanna sa **tSlóivéin** (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Slóivéine, lgh. 23-24), feachtais chlúmhillte agus bhréagaisnéise déanta ina n-aghaidh sa **Chróit** (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Cróite, lch. 26), agus ionsuite ó bhéal déanta ag pearsana aithnidiúla orthu sa **tSlóvaic** (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Slóvaice, lch. 23). San **Ungáir**, déanann an pobal LGBTIQ agus ESSanna áirithe gearán go mbíonn an rialtas ag déanamh feachtais chlúmhillte ina n-aghaidh (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hUngáire, lch. 30).

87 Maidir leis an **Ghréig**, mar shampla, luaigh eagraíochtaí neamhrialtasacha dlí ón 4 Meán Fómhair 2021 a dhéanann coir d'obair áirithe de chuid ESSanna, go háirithe iad siúd a bhíonn ag gabháil do mhisin chuardaigh agus tharrthála ar muir (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Gréige, lch. 22).

88 Is éard is SLAPPanna ann imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach a thionscnaíonn daoine aonair, grúpaí stocaireachta, corparáidí agus comhlachtaí stáit cumhachtacha de ghnáth ina n-aghaidh siúd a bhíonn bainteach le cosaint leas an phobail. Is é is aidhm dóibh cinsireacht a dhéanamh ar cháinteoirí agus iad a imeaglú agus a chur ina dtost trí ualach costais cosanta dlí a chur orthu. Féach an togra le haghaidh treoir maidir le daoine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach, COM(2022) 177 final, agus Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta (lgh. 21, 26), ina dtuairiscítear go mbíonn forás ag teacht ar an bhfeiniméan sin san Aontas agus gur ceann de na dúshláin atá roimh ESSanna é.

89 Le FRA, *Europe's civil society: still under pressure – 2022 update* [Sochaí shibhialta na hEorpa: fós faoi bhrú – nuashonrú 2022] (2022), lch. 21, liostaítear an imirce, cosaint an chomhshaoil, cearta na mban, cearta LGBTIQ, an frithchiníochas agus cearta an linbh mar nithe atá íogair. Féach freisin comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 8, comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lgh. 15-16. Sa **Pholainn**, mar shampla, táthar fós ag díriú go sonrach ar dhaoine LGBTIQ agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha le dréacht-thionscnaimh reachtaíochta (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Polainne, lch. 29). San **Iodáil**, tá cúngú á dhéanamh ar an spás shibhialta a dhírítear go háirithe ar ghrúpaí sochaí sibhialta a bhíonn ag obair ar chearta na n-imirceach (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hIodáile, lch. 25).

90 Féach Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 24; Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 10; chomh maith le ENNHRI, *State of the rule of law in the European Union* (2022).

ar líon suntasach fostaithe i ndáil lena gcuid oibre dá NHRI'[91]. I roinnt Ballstát, bhí bacainní roimh NHRInna ó thaobh a neamhspleáchais agus ó thaobh acmhainní leordhóthanacha a fháil agus a sainordú leathan a chomhlíonadh[92]. Is amhlaidh sin freisin i gcás Ombudsman[93]. Thuairiscigh comhlachtaí comhionannais freisin go bhfuil an timpeallacht ag éirí níos dúshlánaí mar gheall ar an gcomhdhearcadh sóisialta i dtaobh saincheisteanna comhionannais a bheith níos tanaí agus mar gheall ar ráitis idirdhealaitheacha neamhdhleathacha a bheith á meas mar ráitis atá inghlactha[94]. Mar gheall ar bhrú seachtrach agus gan dóthain foirne a bheith acu, tuairiscíodh roinnt cásanna de chomhlachtaí comhionannais nach bhfuil neamhspleách ná éifeachtach[95].

### 3.1. Samplaí de bhealaí a gcosnaíonn Ballstáit an spás sibhialta

Is fíor-riachtanach *timpeallacht chumasúcháin* chun go mbeidh ESSanna agus cosantóirí ceart in ann a gcuid oibre a dhéanamh agus a gceart chun saoirse comhlachais a choimirciú. I mórán Ballstát, tugtar tacaíocht agus spreagadh dóibh ina gcuid oibre agus cosnaítear le dlí iad[96]. Le blianta beaga anuas, tháinig roinnt forbairtí dearfacha chun cinn ar fud an Aontais chun an timpeallacht chumasúcháin sin a chothú le haghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart[97], agus tá athruithe reachtacha agus institiúideacha á gcur chun feidhme ag Ballstáit áirithe. Tá an **Chróit**[98] agus an **Ghearmáin**[99], mar shampla, ag ullmhú pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun feabhas

[91] Thuairiscigh NHRInna freisin go ndéantar tuairiscí diúltacha orthu nó feachtais ina n-aghaidh sna meáin, go mbíonn imeachtaí sibhialta á ndéanamh ina n-aghaidh i dtaobh a gcuid oibre, agus go mbíonn orthu teagmhais a thuairisciú do na póilíní. Thuairiscigh NHRI amháin go ndearnadh ionsaí ar a áitreabh (FRA, *Strong and effective national human rights institutions – challenges, promising practices and opportunities* [Institiúidí náisiúnta um chearta an duine atá láidir éifeachtach – dúshláin, cleachtais a bhfuil gealladh fúthu agus deiseanna] (2019), lch. 45). Féach freisin ENNRHI, *2020 Guidelines on support for NHRIs under threat* (2020).
[92] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 6. San **Ungáir**, mar shampla, tá imní ann fós faoi neamhspleáchas an Choimisinéara um Chearta Bunúsacha (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 24).
[93] Sa **Liotuáin**, mar shampla, tá imní léirithe go bhféadfadh sé go mbainfí de chumas Oifig na nOmbudsman Parlaiminteach a sainordú a chomhlíonadh mar gheall ar easpa acmhainní agus dréachtreachtaíocht nua (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 24). Féach freisin Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, moltaí don **Chróit** agus don **Pholainn**.
[94] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 7. Féach freisin Equinet, *Legislating for stronger, more effective equality bodies* (2021).
[95] Moladh (AE) 2018/951 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (aithris 21). Féach fonóta 78 freisin.
[96] De réir CIVICUS Monitor, https://monitor.civicus.org/, meastar spás sibhialta a bheith mar a leanas: (i) oscailte san Ostair, sa Chipir, sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Liotuáin, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa tSualainn; (ii) tar éis cúngú sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa tSeicia, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Iodáil, sa Laitvia, i Málta, sa Rómáin, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, sa Spáinn; agus (iii) faoi bhac san Ungáir, sa Pholainn.
[97] Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 25.
[98] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 12; Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 25.
[99] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 12; Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Gearmáine, lch. 25.

a chur ar an staid ina bhfuil ESSanna. Sa **tSlóivéin**[100], is é is aidhm do dhlí maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha timpeallacht chumasúcháin a sholáthar do ESSanna. I mBallstáit eile, amhail an **Bhulgáir**[101] agus an **Liotuáin**[102], cuirtear de chúram ar chomhlachtaí rialtais speisialta beartais a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta. San **Fhionlainn**, tá straitéis um an tsochaí shibhialta forbartha ag Bord Comhairleach an rialtais um Beartas Sochaí Sibhialta[103].

I roinnt Ballstát, áfach, léirigh ESSanna agus cosantóirí ceart imní go ndéanfadh reachtaíocht, maidir leis an ord poiblí nó an tslándáil phoiblí go háirithe, difear dá saoirse comhlachais, agus agraíodh an imní sin os comhair na gcúirteanna gcásanna áirithe[104]. Is le dlíthe trédhearcachta[105], frithsceimhlitheoireachta[106] agus frithsciúrtha airgid[107] a bhaineann constaicí breise a thuairiscigh páirtithe leasmhara. Ar chonstaicí eile a thuairiscigh an tsochaí shibhialta tá bearta athchomhairleacha, amhail iniúchtaí agus imscrúduithe cistiúcháin[108], agus constaicí maidir le rochtain ar chistiú[109].

---

[100] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lgh. 18-19.

[101]Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Bulgáire, lch. 25.

[102] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 12.

[103] https://oikeusministerio.fi/en/-/an-autonomous-and-dynamic-civil-society-for-all

[104] Léirigh sochaí sibhialta na **hOstaire**, mar shampla, imní faoi thionchar reachtaíochta frithsceimhlitheoireachta ar spás oibriúcháin ESSanna, go háirithe eagraíochtaí Moslamacha (féach Tuarascálacha 2022 agus 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hOstaire, lgh. 23 agus 18 faoi seach). Sa **Fhrainc** léirigh roinnt páirtithe leasmhara imní faoin dréachtdlí chun 'urraim do na prionsabail phoblachtacha a threisiú' ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an dlí ar an spás sibhialta de (Dlí Uimh. 2021-1109 an 24 Lúnasa 2021; Tuarascálacha 2022 agus 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Fraince, lgh. 23 agus 17 faoi seach). Sa **Ghréig**, léirigh roinnt ESSanna imní faoin bpróiseas clárúcháin le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn go gníomhach sa réimse tearmainn, imirce agus cuimsithe shóisialta (Dlí 4662/2020, arna leasú a thuilleadh le Dlí 4686/2020; féach Tuarascálacha 2020, 2021 agus 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Gréige, lgh. 22, 12 agus 12 faoi seach). Tá trí achomharc ar feitheamh os comhair na Comhairle Stáit ina ndéantar agóid maidir le roinnt gnéithe de dhlíthiúlacht an dlí maidir le clárú eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Gréige, lch. 21.

[105] Sa **Pholainn**, mar shampla, tá imní léirithe ag páirtithe leasmhara faoi dhréachtdlí arb é is aidhm dó 'trédhearcacht eagraíochtaí neamhrialtasacha' a áirithiú (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Polainne, lch. 29).

[106]Sa **tSualainn**, cuireadh togra i láthair chun an Bunreacht a leasú ar dhóigh lena leathnófaí na deiseanna chun srian a chur ar an tsaoirse comhlachais do chomhlachais a bhíonn ag gabháil don sceimhlitheoireacht nó ag tacú leis an sceimhlitheoireacht agus chuir ESSanna in iúl go raibh imní orthu go gceadófaí cur isteach míchuí ar an tsaoirse comhlachais (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Sualainne, lch. 19). Féach an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, *Combating the abuse of non-profit organisations (Moladh 8)* (2015).

[107] Sa **Chipir**, tá sé tuairiscithe ag ESSanna gur díchláraíodh roinnt ESSanna de dhroim reachtaíocht a tugadh isteach chun comhlíontacht a áirithiú le rialacha maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta agus sciúradh airgid a chomhrac (Tuarascálacha 2022 agus 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Cipire, lgh. 16 agus 12 faoi seach).

[108]Bhí ábhar imní ann mar gheall ar sheiceálacha iniúchóireachta ar ESSanna san **Ungáir**, mar shampla (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hUngáire, lch. 29).

[109] Féach Caibidil 4: Tacaíocht a thabhairt do ESSanna agus cosantóirí ceart.

Sa chuid is mó de na Ballstáit, níl aon nós imeachta speisialta i bhfeidhm chun bagairtí agus ionsuite a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu[110]. Dá thoradh sin, imríonn ESSanna agus cosantóirí ceart ról fíor-riachtanach iad féin ag déanamh *faireachán agus tuairisciú* ar an spás sibhialta[111]. Tá doiciméadú déanta ag Lárionad Náisiúnta na **Slóvaice** um Chearta an Duine, mar shampla, ar bhagairtí, imeaglú, ciapadh agus srianta ar chearta dreamanna sa tsochaí shibhialta a oibríonn ar chosaint an chomhshaoil, cearta LGBTIQ agus cearta na mban, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe[112]. San **Fhionlainn**, d'fhorbair ESS an uirlis 'Le Chéile in aghaidh an Chiníochais' chun sonraí a bhailiú maidir le bagairtí nó ionsuite ar ESSanna agus cosantóirí ceart[113]. Ina theannta sin, déanann an t-ardán taighde ar líne **CIVICUS monitor**[114] rianú ar shaoirse sochaí sibhialta i 197 gcinn de thíortha agus críocha, agus bailíonn **Civic Space Watch**[115] torthaí ó ghrúpaí san Eoraip maidir le dálaí sochaí sibhialta agus sainaithníonn sé treochtaí náisiúnta agus tras-Eorpacha.

Chun aghaidh a thabhairt ar ionsaithe fisiceacha agus ionsaithe ar líne in aghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart sa **Fhrainc**, déanann an Aireacht Gnóthaí Baile faireachán ar thuarascálacha de ghníomhartha neamhdhleathacha a dhéantar in aghaidh na ngrúpaí sin agus is féidir léi bearta iomchuí a chur i bhfeidhm tríd an tSeirbhís Cosanta atá aici[116]. Tá tionscadail curtha chun feidhme ag **Lucsamburg**[117] agus an **Ísiltír**[118] a cheadaíonn do chosantóirí ceart eachtracha, atá faoi bhagairt nó faoi bhrú ina dtír féin, fanacht go sábháilte ar feadh suas le 3 mhí. Ghlac an **tSualainn** plean gníomhaíochta náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus fuath in aghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart, i measc dreamanna eile[119].

Oibríonn NHRInna agus comhlachtaí comhionannais chun timpeallacht shábháilte chumasúcháin a sholáthar do ESSanna ar an leibhéal náisiúnta freisin. Oibríonn NHRInna i ndlúthchomhar le

---

[110] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 13.

[111] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 9, comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 19. Féach freisin ENNHRI, *State of the rule of law in the EU 2022 (2022). 2022* (2022).

[112] Bhailigh Lárionad na Slóvaice um Chearta an Duine 11 chás ar mheas freagróirí gur bagairtí, ciapadh nó imeaglú a bhí iontu. Ba é ba choitianta ciapadh agus béadchaint ar dhaoine aonair agus a dteaghlaigh. Ina theannta sin, b'fhorleathan nósanna imeachta riaracháin a úsáideadh agus a bagraíodh a úsáid mar fhoirm ciaptha (e.g. gearáin, tuarascálacha coiriúla) (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 9).

[113] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 13, ina dtagraítear do Yhdessä vihaa vastaan (yhdessavihaavastaan.fi)', ar tionscadal é a cistíodh faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht.

[114] https://monitor.civicus.org/

[115] https://civicspacewatch.eu/

[116] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 14, ina dtugtar ar aird go bhfuil cosaint á soláthar le roinnt blianta anuas do dhaoine aonair nó iriseoirí atá faoi bhagairt.

[117] Rannchuidiú ó ENNHRI, lch. 10, ina dtugtar chun aird gur bunaíodh clár cosanta sa **Ghearmáin**, le haghaidh cosantóirí chearta an duine a ndéantar bagairtí orthu de dhroim a gcuid oibre. Áirítear leis sin cúnamh ar an láthair agus deontais le haghaidh athshocrú sealadach.

[118] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 14.

[119] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 13.

ESSanna trína bheith á n-oiliúint[120], mar shampla, agus ag cuidiú lena bhfothú acmhainneachta[121]. Sa **Ghréig**, chuir an Coimisiún Náisiúnta um Chearta an Duine ar son togra reachtach a ghlacadh chun cosantóirí ceart a chosaint ar ionsaithe, bearta díoltais agus srianta ar a gcearta[122].

### 3.2. Tionscnaimh de chuid an Aontais chun an spás sibhialta a chosaint

Tá roinnt bearta déanta ag an Aontas chun ESSanna agus cosantóirí ceart *a chosaint*[123]. Le huirlisí a forbraíodh chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chothú agus a chosaint, féachtar le timpeallacht chumasúcháin le haghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart a chothú agus a chosaint.

Go háirithe, sa **Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta**, mar chuid dá cheathrú colún, lena gcumhdaítear srianta agus ceartúcháin institiúideacha, déantar measúnú ar staid an spáis shibhialta sna Ballstáit uile, aithnítear 'go bhfuil ról lárnach ag an tsochaí shibhialta [freisin] i gcóras na srianta agus na gceartúchán'[124] agus déantar scrúdú inti ar fhorbairtí a bhaineann leis an gcreat lena gcumasaítear an tsochaí shibhialta. Le Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta eisíodh moltaí do na Ballstáit, lena n-áirítear moltaí maidir le staid an spáis shibhialta i roinnt cásanna[125].

Le tionscnamh **frith-SLAPP** 2022 an Choimisiúin tugtar isteach bearta nithiúla chun gníomhaithe a ghabhann do rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach agus rannchuideoidh sé dá bhrí sin le timpeallacht shábháilte chumasúcháin le haghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart[126].

---

[120] Is ar an topaic sin a díríodh Acadamh NHRI ENNHRI 2021, a comheagraíodh leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip-an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ESCE-ODIHR). Protecting human rights defenders and co-creating inclusive civil society space in Europe: The role of NHRIs – 2021 NHRI Academy Follow-up Training | ESCE.
[121] ENNHRI, *State of the rule of law in the European Union* (2022), lch. 39.
[122] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 8.
[123] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 19.
[124]Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 20.
[125] Féach Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, moltaí an Choimisiúin do na Ballstáit maidir leis an spás sibhialta agus na dúshláin atá roimh ESSanna agus cosantóirí ceart (amhail sásraí comhairliúcháin agus ról na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine) sa Chróit, sa Chipir, sa tSeicia, sa Danmhairg, san Eastóin, sa Ghréig, san Ungáir, in Éirinn, san Iodáil, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Lucsamburg, i Málta, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSualainn.
[126] Féach Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail'); Togra le haghaidh treoir maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí'), COM(2022) 177 final; ENNHRI, *The EU has a key role in safeguarding human rights defenders from strategic litigation against public participation* (2022).

Leis an togra le haghaidh **treoir nua maidir le coireacht chomhshaoil**[127], deimhnítear gur cheart go dtairbheodh daoine, lena n-áirítear comhaltaí ESS, a thuairiscíonn cionta coiriúla comhshaoil den tacaíocht agus cúnamh is gá in aon imeacht coiriúil. Cumhdaítear cosantóirí comhshaoil freisin leis an treoir agus an moladh frith-SLAPP atá beartaithe, i gcomhréir le ceanglais Choinbhinsiún Aarhus [128].

Cuirfidh an **t-acht Eorpach um shaoirse na meán**atá beartaithe feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh meáin chumarsáide tríd an trédhearcacht a mhéadú agus trí aghaidh a thabhairt ar shaobhadh margaidh, rud lena gcuirfear feabhas ar shaoirse agus iolrachas na meán i ngach Ballstát, agus ráthóidh sé go mbeidh na hiriseoirí agus na heagarthóirí in ann oibriú gan chur isteach[129]. Ar an gcuma chéanna, is é is aidhm do **mholadh an Choimisiúin maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile meán a áirithiú** go n-áiritheofar dálaí oibre níos sábháilte do ghairmithe meán, bídís ar líne nó as líne[130].

Arna spreagadh ag Parlaimint na hEorpa[131], tá an Coimisiún ag obair freisin ar **thionscnamh reachtach maidir leis an aitheantas trasteorann ar chomhlachais san Aontas**[132]. Díreofar an tionscnamh sin ar ghníomhaíochtaí trasteorann comhlachas, á chur ar a gcumas dóibh tairbhiú den mhargadh aonair agus dá gcearta bunúsacha faoin gCairt.

I dteannta bearta dlíthiúla, cosnaíonn an Coimisiún ESSanna agus cosantóirí ceart trí *ghníomhaíocht forfheidhmithe* a dhéanamh in aghaidh bearta a dhéanann difear dóibh atá contrártha do dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt[133]. Thionscain an Coimisiún dhá imeacht um shárú in aghaidh **na hUngáire** mar gheall ar dhlí maidir le cistiú eachtrach le haghaidh na sochaí sibhialta[134] agus bille lena ndéantar cabhair d'iarrthóirí tearmainn a choiriúlú[135]. Le breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) sa dá chás sin leagtar síos fasach in aghaidh reachtaíocht chomhchosúil agus cuirtear i dtábhacht príomhról na Cúirte chun an spás sibhialta agus cearta bunúsacha san Aontas a chosaint.

Gealltanas an Aontais i leith spás sibhialta a chosaint agus a chumasú, léirítear sin freisin ina *ghníomhaíocht sheachtrach*, lena n-áirítear i **bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le**

[127] COM(2021) 851 final, Airteagal 13.

[128] COM(2022) 177 final. Mar pháirtithe i **gCoinbhinsiún Aarhus**, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go gcosnaítear daoine a fheidhmíonn a gcearta i gcomhréir le rialacha an Choinbhinsiúin ar phionósú, géarleanúint agus ciapadh ar aon bhealach.

[129] C(2022) 6536 final. Féach ENNHRI, *NHRIs evidence the need to adopt common EU standards on media transparency, pluralism and freedom* (2022), agus comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 8.

[130] C(2021) 6650 final.

[131] Rún tionscnaimh reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa in éineacht le moltaí don Choimisiún maidir le reacht le haghaidh comhlachais agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha trasteorann Eorpacha, 2020/2026(INL).

[132] Margadh aonair – Togra le haghaidh tionscnamh reachtach maidir le gníomhaíochtaí trasteorann comhlachas (europa.eu)

[133] An straitéis um an gCairt, lch. 6-7.

[134] Breithiúnas CBAE an 18 Meitheamh 2020, *An Coimisiún v. An Ungáir*, C-78/18, AE:C:2020:476.

[135] Breithiúnas CBAE an 16 Samhain 2021, *An Coimisiún v. An Ungáir*, C-821/19, AE:C:2021:930.

**Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024)**[136]. Tá cuntas air sin freisin i **dtreoirlínte an Aontais maidir le cosantóirí chearta an duine**[137].

Thacaigh an Coimisiún ó 2015 le sásraí chun na cosantóirí ceart daonna is mó atá i mbaol a chosaint. Trí dheontais bheaga, soláthraítear tacaíocht do chosantóirí chearta an duine trí **chiste éigeandála an Aontais Eorpaigh do chosantóirí chearta an duine atá i mbaol**[138]. Is éard is **ProtectDefenders.eu**[139] ann comhghuaillíocht de ESSanna a oibríonn go hidirnáisiúnta chun iarrataí ar thacaíocht ó chosantóirí ceart daonna a fháil, a phróiseáil agus a fhreagairt. Soláthraíonn sé seirbhís bhuan sholúbtha chun tacaíocht a dhearadh, ó fhothú acmhainneachta agus comhairle dlí agus slándála go seirbhísí athshocraithe agus dídine. Leis an **tSaoráid le haghaidh Ghéarchéimeanna Chearta an Duine** soláthraítear deontais do ESSanna arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mairfidh gluaiseachtaí chearta an duine sna timpeallachtaí oibriúcháin is mó ina gcuirtear faoi chois iad[140].

Rinne an Coimisiún forbairt **CSO Meter**[141] **a chistiú freisin**. Déantar measúnú leis sin ar oscailteacht na sochaí sibhialta i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir faoina Ionstraim Eorpach Chomharsanachta[142].

Chun an spás sibhialta a chosaint, d’fhorbair an tAontas dlúthchomhar agus idirphlé le *heagraíochtaí idirnáisiúnta*. Go háirithe, baineann an tAontas lánúsáid as na caighdeáin agus as an eolas a d’fhorbair **Comhairle na hEorpa** agus a comhlachtaí faireacháin. Ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa trí ionstraim neamhcheangailteacha maidir leis an spás sibhialta[143]. Déanann an Coiste Stiúrtha idir-rialtasach um Chearta an Duine scrúdú ar an tionchar a imríonn reachtaíocht, beartais agus cleachtais náisiúnta ar ghníomhaíochtaí ESSanna agus cosantóirí ceart, agus sainaithníonn sé dea-chleachtais chun an spás sibhialta a chur chun cinn agus a chosaint. Tagann **Comhairle Saineolaithe ar an Dlí i ndáil le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha** i ndiaidh moladh a cuireadh chun feidhme maidir le stádas dlíthiúil eagraíochtaí neamhrialtasacha[144] agus tugann comhairle maidir le conas an dlí agus an cleachtas náisiúnta a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha[145]. Ina theannta sin, déanann an **tArdán**

---

[136] https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/eu_action_plan_on_human_rights_and_democracy_2020-2024.pdf
[137] https://www.eeas.europa.eu/sites/default/files/eu_guidelines_hrd_en.pdf. .
[138] C(2018) 6798 final, Iarscríbhinn 1.
[139] ProtectDefenders.eu.
[140] C(2018) 6798 final, Iarscríbhinn 2.
[141] https://csometer.info/
[142] Tá tacar caighdeán agus táscairí ag an tionscadal sin chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil a dhéanann difear do ESSanna agus ar a staid i 10 réimse, lena n-áirítear saoirse comhlachais agus comhthionóil, saoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun príobháideachais agus rochtain ar chistiú.
[143] Moladh CM/Rec(2021)1 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine atá éifeachtach iolraíoch neamhspleách a fhorbairt agus a neartú; Moladh CM/Rec(2019) 6 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le forbairt institiúid an Ombudsman; Moladh CM/Rec(2018)11 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an ngá atá le cosaint agus cur chun cinn spás na sochaí sibhialta san Eoraip a neartú.
[144] Moladh CM/Rec(2007)14 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le stádas dlíthiúil eagraíochtaí neamhrialtasacha san Eoraip.
[145] https://www.coe.int/en/web/ingo/expert-council

**um Shábháilteacht Iriseoirí** rianú ar ionsuithe in aghaidh iriseoirí, á léiriú cé acu gníomhaithe stáit nó neamhstáit a thionscain iad agus a thromchúisí atá na hionsuithe[146].

Is príomh-chomhpháirtí é na **Náisiúin Aontaithe** freisin, go háirithe a shásraí faireacháin lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar ionsuithe, ciapadh, coiriúlú agus feachtais chlúmhillte a bhfuil difear déanta acu don tsochaí shibhialta ar fud an domhain le blianta anuas, lena n-áirítear san Aontas[147].

Is ríthábhachtach freisin comhar leis an **Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR)**, ar oifig de chuid na **hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)** í. Na gealltanais atá ag údaráis náisiúnta chun cosantóirí chearta an duine a chosaint, cuidíonn ODIHR leo iad a chomhlíonadh trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcumas oibriú[148] agus trí acmhainneacht a fhothú tríd an oideachas agus an oiliúint i gcearta an duine[149].

## 4. Tacaíocht a thabhairt do ESSanna agus cosantóirí ceart

Is codanna dílse den cheart chun saoirse comhlachais iad an rochtain ar acmhainní airgeadais agus an tsaoirse chun iad a úsáid[150]. Teastaíonn *acmhainní airgeadais leordhóthanacha* ó ESSanna agus cosantóirí ceart chun a misin a dhéanamh go héifeachtach[151]. Tuairiscíonn roinnt Ballstát gur mhéadaigh siad an tacaíocht airgeadais do ESSanna i gcoitinne[152] agus chun tionchar

[146] https://fom.coe.int/en/pays

[147] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le heagraíochtaí idirnáisiúnta, tuarascáil achoimre, lgh. 2-4. Cuidíonn Oifig na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine le gníomhaithe na sochaí sibhialta a chosaint, mar shampla, trí fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht chumasúcháin dhomhanda agus náisiúnta don spás sibhialta, ag dul i gceannas ar iarrachtaí na Náisiún Aontaithe faireachán a dhéanamh, cosc a chur agus aghaidh a thabhairt ar imeaglú agus bearta díoltais ina n-aghaidh siúd a chomhoibríonn leis na Náisiúin Aontaithe. Déanann an Oifig abhcóideacht freisin agus soláthraíonn treoraíocht agus cúnamh lena n-aghaidh seo a leanas: (i) dlíthe, beartais agus cleachtais lena sainaithnítear bagairtí agus lena gcosnaítear an tsochaí shibhialta ar ionsuithe, ar líne agus as líne, a ghlacadh agus a chur chun feidhme; agus (ii) líonraí cosanta comhtháite a fhorbairt ar leibhéil idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta.

[148] Féach ESCE-ODIHR, *The situation of human rights defenders in selected OSCE participating states. The final report of the first assessment cycle (2017-2019)* (2021), ina dtugtar ar aird go mbíonn faireachán agus tuairisciú á dhéanamh go tráthrialta ar staid na gcosantóirí ceart ar fud réigiún ESCE. Chomh maith leis sin, déanann ESCE-ODIHR sainchomhairle a sholáthar, feasacht stát a ardú maidir le hoibleagáidí i leith cosantóirí ceart a chosaint, agus idirphlé idir stáit agus an tsochaí shibhialta maidir le hobair cosantóirí ceart a éascú. Ina theannta sin, tacaíonn ESCE-ODIHR le NHRInna agus cosantóirí eile, ag fothú acmhainneachta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh go slán sábháilte.

[149] https://www.osce.org/odihr/human-rights-defenders

[150] Féach ESCE-ODIHR, *Guidelines on freedom of association* (2015), prionsabal 7.

[151] Thagair trí Bhallstát do thacaíocht a sholáthar ar mhodhanna neamhairgeadais (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 18). Is féidir tacaíocht a sholáthar ar bhealaí eile, amhail acmhainneacht a fhothú, rannpháirtíocht agus idirphlé a dhéanamh, agus ESSanna a chosaint agus labhairt amach thar a gceann. Leis an tuarascáil seo cumhdaítear na gníomhaíochtaí sin i gCaibidlí 2 agus 5.

[152] Mhéadaigh an **Fhrainc**, mar shampla, ar chistiú do chosantóirí ceart, don Chosantóir Ceart agus don Choimisiún Comhairleach Náisiúnta um Chearta an Duine (CNCDH), idir 2021 agus 2022 (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 19). Sa **Ghearmáin**, tá méadú suntasach tagtha ó 2015 ar chistiú le haghaidh ESSanna tríd an gclár feidearálach ‘An Daonlathas Beo’ (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 19).

phaindéim COVID-19 a chúiteamh leo[153]; tá na hiarrachtaí sin forlíonta go mór ag deontóirí idirnáisiúnta agus ag an Aontas le blianta beaga anuas[154]. Bíonn ESSanna agus cosantóirí ceart ar fud an Aontais ag streachailt chun a ngníomhaíochtaí sonracha a chistiú, áfach, treocht ar chuir an phaindéim agus an ghéarchéim costais maireachtála atá ann faoi láthair chun donais[155], go háirithe i gcás feidhmeanna abhcóideachta agus faire.

*Aiseolas ón gcomhairliúchán*

Sa chomhairliúchán a rinneadh chun an tuarascáil seo a ullmhú, shainaithin ESSanna agus cosantóirí ceart easpa cistiúcháin mar cheann de na príomhdhúshláin roimh a gcuid oibre agus thuairiscigh siad nach bhfuil ann, i mórán Ballstát, ach beagán deiseanna cistiúcháin, go háirithe le haghaidh obair maidir leis an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha[156].

Léirigh an comhairliúchán ar líne[157] gur thuairiscigh beagnach leath de na heagraíochtaí (49 %) a d'fhreagair go raibh constaicí ann faoin gcreat maoiniúcháin. Go háirithe, thuairiscigh 40 % díobh go raibh bacainní roimh chistiú ann. Thagair céatadán níos lú de na heagraíochtaí (níos lú ná 15 %) do chonstaicí a bhaineann le stádais charthanachta, cistiú eachtrach, córais chánach, éilliú cuntasaíochta agus iniúchóireachta, agus srianta ar thiomsú airgid ar líne.

### 4.1. Samplaí de bhealaí a dtacaíonn Ballstáit le gníomhaithe na sochaí sibhialta

Is croífhoinse cistiúcháin agus acmhainní le haghaidh ESSanna agus cosantóirí ceart iad na Ballstáit. Déanann na Ballstáit uile cistiú poiblí le haghaidh ESSanna a eisíoc ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus tá *cláir chistiúcháin éagsúla* ar fáil. Soláthraítear tacaíocht d'fhothú acmhainneachta ESSanna le cistí ESS san **Eastóin**[158], sa **Laitvia**[159], sa **Liotuáin**[160] agus i **Málta**[161], mar shampla. San **Fhionlainn**, faigheann ESSanna cistiú stáit ó

[153] San **Ostair**, , bunaíodh ciste i gcomhairle leis na heagraíochtaí lena mbaineann chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha déileáil le tionchar phaindéim COVID-19 (Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hOstaire, lch. 18).
[154] Le Deontais LEE agus na hIorua, díríodh freisin ar inbhuanaitheacht agus inniúlacht fhadtéarmach na sochaí sibhialta tríd an gCiste um Shaoránaigh Ghníomhacha, .
[155] Féach Tuarascáil 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Teachtaireacht, lch. 24; Féach freisin, FRA, *Protecting civic space in the EU* [Spás sibhialta san Aontas a chosaint] (2021), lch. 39, FRA, *Europe's Civil Society: Still Under Pressure* [Sochaí shibhialta na hEorpa: fós faoi bhrú] (2022), lch. 32; agus Equinet, *Legislating for stronger, more effective equality bodies* (2021), lch. 4.
[156] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 22. Féach freisin an Fóram Sibhialta Eorpach, *Towards vibrant European civic and democratic space* [I dtreo spás sibhialta Eorpach atá daonlathach bríomhar] (2022), lch. 37, maidir leis na dúshláin atá roimh ESSanna áirithe rochtain a fháil ar chistiú struchtúrach Eorpach.
[157] Comhairliúchán 2022 FRA maidir leis an gCairt: Ceist (L) Constaicí faoi 'Creat Maoiniúcháin'.
[158] Faoin bhFondúireacht Náisiúnta um an tSochaí Shibhialta (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hEastóine, lch. 15).
[159] Faoin gciste um eagraíochtaí neamhrialtasacha, clár buiséid an stáit (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Laitvia, lch. 18).
[160] Faoin gciste náisiúnta um eagraíochtaí neamhrialtasacha (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Liotuáine, lch. 20).

fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear ioncam ó chuideachta faoi úinéireacht stáit a oibríonn sa mhargadh cearrbhachais rialáilte[162]. I roinnt Ballstát, amhail an **Danmhairg**, an **Ísiltír** agus an **tSualainn**, tá cistiú poiblí ar fáil le haghaidh abhcóideacht ar son cearta bunúsacha[163]. Soláthraíonn roinnt Ballstát cistiú freisin chun costais riaracháin agus bonneagair ESSanna a chumhdach go méid áirithe[164].

Soláthraíonn roinnt Ballstát córais *cánachais fhabhraigh* le haghaidh deonacháin do ESSanna[165] freisin, lena spreagtar deonacháin phríobháideacha. Ceadaíonn an chuid is mó de na Ballstáit do ESSanna fóirdheontais, deontais agus deonacháin a fháil saor ó cháin[166]. Mar shampla, san **Iodáil**, is féidir tabhartais do ESSanna a asbhaint ó cháin, agus sa **tSeicia**, tá ESSanna díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin ar bhóithre agus cáin eastáit réadaigh nuair a bhíonn na costais chun críocha eagrúcháin[167].

Fiú nuair a bhíonn cistiú ar fáil, tuairiscíonn ESSanna agus cosantóirí ceart gurb ann do *chonstaicí roimh an gcistiú sin a fháil*, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm nó tuairisciú agus critéir incháilitheachta atá casta, a bhfuil ualach ag baint leo agus nach mbíonn trédhearcach i gcónaí agus an t-éileamh mór a bhíonn ar an gcistiú atá ar fáil[168]. Dúshlán breise a thuairiscíonn ESSanna is ea cistiú tionscadail gearrthéarmach, a bhíonn ag gabháil de réir a chéile in ionad cistiú níos fadtéarmaí nó cistiú le haghaidh caiteachas riaracháin[169].

Oibríonn roinnt Ballstát chun dul i ngleic leis na dúshláin sin maidir le hinfhaighteacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht cistiúcháin. Déanann siad iarracht *dáileadh cóir* a áirithiú trí chritéir thrédhearcacha agus trí ghlaonna ar thograí a fhoilsiú ionas go mbeidh rochtain go forleathan orthu. Sa **Spáinn**, mar shampla, áirithítear go ndáilfear cistí go cóir trí reachtaíocht[170] lena gceanglaítear go gcuirfear critéir mheasúnaithe ar fáil don phobal.

---

[161] Ciste **Mhálta** um an tSochaí Shibhialta, mar shampla (Tuarascáil achomair FRA maidir le comhairliúchán spriocdhírithe le scátheagraíochtaí sochaí sibhialta de chuid an Aontais, lch. 20).
[162] Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Fionlainne, lch. 19.
[163] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 20.
[164] Sa **Chróit** agus sa **Danmhairg**, , mar shampla, tá cistiú poiblí ar fáil le haghaidh chroíchostais ESSanna. Sa **tSlóivéin** agus sa **tSualainn**, ceadaítear caiteachas riaracháin laistigh de bhuiséad an tionscadail (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lgh. 17-18).
[165] Féach FRA, *Protecting civic space in the EU* [Spás sibhialta san Aontas a chosaint] (2021), lch. 8.
[166] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 21. Tá córais ainmnithe cánach ag an **tSlóivéin** agus an **tSlóvaic** lena dtugtar caoi do dhaoine aonair agus corparáidí céatadán dá gcáin ioncaim íoctha a shannadh do chríocha a théann chun tairbhe an phobail, lena n-áirítear ESSanna (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lgh. 17-18).
[167] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 21.
[168] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lch. 22. Féach freisin FRA, *Europe's civil society: still under pressure* [Sochaí shibhialta na hEorpa: fós faoi bhrú] (2022), lch. 32.
[169] Féach FRA, *Challenges facing civil society organisations working on human rights in the EU* [Dúshláin roimh eagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn ar chearta an duine san Aontas] (2018), lch. 32.
[170] Dlí 38/2003 an 17 Samhain 2003 maidir le Fóirdheontais Ghinearálta.

Tá pleananna ag an gcuid is mó de na Ballstáit freisin rochtain ar chistiú *a shimpliú agus dlús a chur léi*, lena n-áirítear tríd an digitiú[171]. Sa **tSlóvaic** agus sa **Chróit**, mar shampla, tá córais nua ar líne á gcruthú chun próisis riaracháin cistiúcháin phoiblí a shimpliú[172]. An tráth céanna, sa **tSlóivéin**, tá rátaí comhréidhe agus cnapshuimeanna á n-úsáid chun an córas cistiúcháin a shimpliú.

I roinnt Ballstát, rud a chruthaíonn tuilleadh bacainní is ea *dáileadh cistiúcháin phoiblí a bhfuil polaitiú déanta air* a eisiann ESSanna a cháineann an rialtas agus a théann chun tairbhe a heagraíochtaí ar a dtugtar eagraíochtaí neamhrialtasacha rialtas-eagraithe[173]. D'fhéadfadh bacainní den sórt sin a bheith ina gcleachtais a chuireann bac ar ESSanna rochtain a fháil ar chistí poiblí trína ngníomhaíochtaí abhcóideachta a mheas a bheith ina ngníomhaíochtaí polaitiúla[174], a dhéanann difear dá stádas díolmhaithe ó cháin[175], agus rialacha maidir le deonacháin eachtracha[176]. Bíonn ar ESSanna a oibríonn i réimsí íogaire áirithe, amhail cearta LGBTIQ agus comhionannas inscne, lena n-áirítear gníomhaíochtaí abhcóideachta agus dlíthíochta straitéisí[177], dul i ngleic le bheith eisiata a thuilleadh ó chistiú poiblí[178].

---

[171] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 20.

[172] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lgh. 20-21.

[173] San **Ungáir**, ardaíodh ceisteanna maidir le ról an stáit i maoiniú na sochaí sibhialta. De réir páirtithe leasmhara, rinne an rialtas dáileadh cistiúcháin a lárú tríd an gCiste Náisiúnta um Chomhar agus tá fabhar aige leis na heagraíochtaí ar a dtugtar eagraíochtaí neamhrialtasacha rialtas-eagraithe a mhaoiniú. Scoir an Ungáir in 2021 de bheith cáilithe do dheontais LEE agus na hIorua toisc nár tháinig sí ar chomhaontú maidir le hoibreoir deontas neamhspleách a bheadh i gceannas ar mhaoiniú don tsochaí shibhialta a bhainistiú. Féach, maidir leis an dá phointe, Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hUngáire, lgh. 30-31. Sa **Pholainn**, níor tugadh aghaidh ar imní a luaigh ESSanna maidir le feidhmiú na hInstitiúide Náisiúnta um Shaoirse – An Lárionad um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta, atá freagrach as cistiú an rialtais agus cistiú an Aontais, arna shannadh ar bhonn náisiúnta, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (Tuarascálacha 2021 agus 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Polainne, lgh. 27 agus 29).

[174] In **Éirinn**, tá imní léirithe ag ESSanna maidir le tionchar an Achta Toghcháin lena gcuirtear toirmeasc ar dheonacháin os cionn tairseach áirithe chun 'críoch polaitiúil' nó ó dheontóirí eachtracha (Tuarascálacha 2020, 2021 agus 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na hÉireann, lgh. 15 agus 18 agus 20 faoi seach).

[175] Sa **Ghearmáin**, is dúshlán fós é an éiginnteacht dhlíthiúil a bhaineann le gníomhaíocht pholaitiúil ESSanna a bhfuil stádas díolmhaithe ó cháin acu cé gur fógraíodh athchóiriú ar na rialacha (Tuarascálacha 2020, 2021 agus 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Gearmáine, lgh. 24, 17 agus 12 faoi seach).

[176] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le brateagraíochtaí sochaí sibhialta san Aontas, tuarascáil achoimre, lgh. 14 agus 20; Breithiúnas CBAE an 18 Meitheamh 2020, *An Coimisiún v. An Ungáir*, C-78/18, AE:C:2020:476.

[177]Mar a thuairiscítear in *Feasibility study for financial support for litigating cases relating to violations of democracy, rule of law and fundamental rights* [Staidéar féidearthachta an Choimisiúin um thacaíocht airgeadais chun dlíthíocht a dhéanamh ar chásanna i ndáil le sáruithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha] (2020), lch. 3, chuir 85 % de na freagróirí in iúl gur constaic 'nach beag' roimh an dlíthíocht, roimh chomhairleoireacht dhlíthiúil agus roimh thacaíocht i dtaca le cearta bunúsacha é an easpa cistiúcháin leordhóthanaigh.

[178] Sa **tSlóvaic**, fágann athchóiriú ar an dlí go bhfuil fóirdheontais srianta do ESSanna a chuireann pósadh agus luachanna teaghlaigh chun cinn, agus tá ESSanna atá gníomhach i gcomhionannas inscne agus cearta LGBTIQ eisiata dá réir (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 8; Tuarascálacha 2022 agus 2021 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Slóvaice, lgh. 23 agus 20 faoi seach). Sa **tSeicia**, thuairiscigh páirtithe leasmhara constaicí roimh rochtain ar chistiú poiblí, go háirithe i gcás ESSanna a ghabhann do shaincheisteanna agus don abhcóideacht a bhaineann leis an gcomhshaol, an smacht reachta, LGBTIQ agus tearmann (Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, Caibidil na Seicia, lch. 20).

## 4.2. Tacaíocht an Aontais do ghníomhaithe na sochaí sibhialta

### *4.2.1. An clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (an clár Cearta agus Luachanna)*

Bhí ESSanna agus cosantóirí ceart i gcónaí ina measc siúd a thairbhigh de chláir chistiúcháin an Choimisiúin, agus forlíonadh iarrachtaí na mBallstát dá réir. Agus buiséad EUR 1,55 billiún ag an gclár Cearta agus Luachanna le haghaidh 2021-2027, is é an ciste um chearta bunúsacha é is mó riamh laistigh den Aontas. Is é is cuspóir dó na cearta agus na luachanna a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais, sa Chairt agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta a chosaint agus a chur chun cinn trí *thacaíocht a thabhairt do ESSanna agus páirtithe leasmhara eile ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, idirnáisiúnta agus trasnáisiúnta*[179].

| *Aiseolas ón gcomhairliúchán* |
|---|
| D'fháiltigh ESSanna agus cosantóirí ceart roimh an gclár Cearta agus Luachanna mar fhorbairt dhearfach. Léirítear le comhairliúcháin go raibh an chuid is mó de ESSanna ar an eolas faoin gclár, fiú murarbh ionann a méid eolais[180]. Rinne 28 % de na freagróirí ar chomhairliúcháin na tuarascála seo iarratas ar chistiú faoin gclár Cearta agus Luachanna, agus beartaíonn 39 % díobh iarratas a dhéanamh. |

Tá snáitheanna cistiúcháin éagsúla sa chlár Cearta agus Luachanna. Leis an snáithe nua **luachanna an Aontais**, tacaítear le ESSanna, cosantóirí ceart agus páirtithe leasmhara eile a chuireann cultúr luachanna chun cinn san Aontas atá bunaithe ar chearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta. Tá cistiú ar fáil le haghaidh fothú acmhainneachta agus ardú feasachta maidir leis an gCairt, agus le haghaidh gníomhaíochtaí a neartaíonn an t-eolas atá ag cleachtóirí, gairmithe dlí, ESSanna agus comhlachtaí neamhspleácha um chearta an duine chun dlíthíocht a dhéanamh go héifeachtach ar leibhéil náisiúnta agus Eorpacha, agus chun rochtain ar an gceartas agus ar fhorfheidhmiú na gceart a fheabhsú trí oiliúint a dhéanamh, eolas a chomhroinnt agus dea-chleachtais a mhalartú[181]. Méadófar go mór an cistiú le haghaidh fothú acmhainneachta agus dlíthíochta faoi chlár oibre 2023-2024.

Mar dheis nua faoi shnáithe luachanna an Aontais, roghnaigh an Coimisiún *idirghabhálaithe ESS* trí ghlao oscailte ar thograí. Soláthróidh na comhlachtaí sin tacaíocht airgeadais do na

[179] https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/citizens-equality-rights-and-values-programme_en. Is ón gclár roimhe seo um chearta, comhionannas agus saoránacht a leanann sé, https://ec.europa.eu/justice/grants1/programmes-2014-2020/rec/index_en.htm.

[180] Comhairliúchán 2022 FRA maidir leis an gCairt: Ceist (N) Cláir chistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na gceart agus na luachanna ('an clár Cearta agus Luachanna').

[181] Faoin nglao deireanach ar thograí, dámhadh EUR 2 mhilliún do sheacht dtionscadal a bhaineann, i measc nithe eile, le fothú eolais cleachtóirí dlí ar úsáid na Cairte, tacaíocht d'fhorfheidhmiú dhlí-eolaíocht CBAE i ndáil le comhionannas LGBTIQ, agus dlíthíocht straitéiseach mar thacú leis an smacht reachta. Cumhdaítear 14 Bhallstát agus baineann 30 ESS leis na tionscadail sin, féach https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/cerv-2022-char-liti.

ESSanna trí *scéim athdheonaithe* (trína gcuirtear deontais ón Aontas ar aghaidh) chun inniúlacht an-chuid ESSanna pobalbhunaithe a fhothú, a chuireann luachanna an Aontais chun cinn agus a chosnaíonn iad.[182]. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag tacú le *creat-chomhpháirtithe,* amhail líonraí Eorpacha, ESSanna atá gníomhach ar leibhéal an Aontais, agus meithleacha machnaimh Eorpacha atá gníomhach i réimse luachanna an Aontais[183]. Tacaíonn an Coimisiún go háirithe le ENNHRI agus le han-chuid líonraí ESS, amhail an tAontas um Shaoirsí Sibhialta, An Lárionad Eorpach um an Dlí Seachbhrabúsach (ENCL) agus an Fóram Sibhialta Eorpach, ar líonraí iad uile a oibríonn chun spás sibhialta cumasúcháin a chruthú agus a choinneáil ar bun.

Tá rochtain ag ESSanna ar chistiú suntasach faoi na snáithe eile de chlár CERV freisin - **, comhionannas, cearta agus comhionannas inscne, an comhrac in aghaidh an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin in aghaidh leanaí (Daphne),** agus **rannpháirtíocht saoránach**, clár inarb iad ESSanna beagnach leath na dtairbhithe[184]. Soláthraíodh thart ar EUR 91,8 milliún i gcistiú trí chlár CERV in 2021[185]. Méadaíodh é sin go dtí thart ar EUR 200 milliún in 2022[186].

Maidir le tréimhse chistiúcháin 2021-2027, ceapadh *córas bainistíochta riosca* le haghaidh gach céim de thimthriall an tionscadail. Maidir le gach glao ar thograí agus ar feadh thimthriall uile an tionscadail, ní mór luachanna an Aontais a urramú. Déantar gach iarratasóir agus gach tairbhí a scagadh go tráthrialta ag na céimeanna iarratais, meastóireachta agus cur chun feidhme, ag féachaint ar a gcomhlíontacht le luachanna an Aontais.

*Cistiú ón Aontas chun tacú le ESSanna le linn chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine*

Tá tairbhithe an Chláir Cearta agus Luachanna (CERV) in ann freagairt do *riachtanais phráinneacha na ndaoine atá thíos leis de bharr chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine*, go háirithe trí shonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh, feasacht a ardú, agus trí abhcóideacht, treoraíocht agus cabhair a thabhairt d'íospartaigh. Nuair a thosaigh cogadh

[182] Fuarthas 40 togra ó idirghabhálaithe mar gheall ar an gcéad ghlao athdheonaithe in 2022 agus rinneadh iarraidh iomlán ar chistiúchán de EUR 120 milliún. Roghnaíodh 16 togra san iomlán, agus ba ionann an iarraidh iomlán ar chistiúchán agus EUR 51 milliún. Cumhdaítear 16 Bhallstát leis na tograí a fhaigheann cistiú agus áirítear 49 idirghabhálaí leo. I ngach tionscadal, beartaíonn na hidirghabhálaithe EUR 25 000 ar an meán a dháileadh in aghaidh gach ESS ar 100 ESS ar an meán. Beidh na tionscadail ar bun idir seo agus na chéad 3 bliana eile. Beartaítear dhá ghlao athdheonaithe bhreise den chlár Cearta agus Luachanna (CERV) a dhéanamh as seo go dtí 2027.

[183] Tar éis an ghlao ar thograí a cuireadh amach i mí Aibreáin, 2021, deonaíodh tacaíocht airgeadais do 73 eagraíocht Eorpach chun a gcuid costais oibriúcháin a chumhdach ar feadh 4 bliana (buiséad iomlán de EUR 25,3 milliún). Is féidir leis na creat-chomhpháirtithe sin cistiú ón Aontas a athdheonú ar a gcuid comhaltaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus EUR 5,8 milliún ar fáil, féach call-fiche_cerv-2021-og-fpa_en.pdf (europa.eu).

[184] Sa chéad 2 bhliain de chlár CERV, deonaíodh thart ar EUR 260 milliún san iomlán ar 600 tionscadal nó mar sin.

[185] Áiríodh orthu sin tacaíocht le haghaidh oiliúint, seimineáir agus imeachtaí foghlama, taighde agus staidéir, ardú feasachta agus feachtais ar na meáin a díríodh ar an bpobal.

[186] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/1_en_annexe_acte_autonome_part1_v8.pdf

foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí cuid mhaith de ghlaonna ar thograí 2022 oscailte cheana, agus tugadh an deis d'iarratasóirí a gcuid tograí a chur in oiriúint do na riachtanais a bhí ag eascairt as an gcogadh. Cuireadh síneadh le sprioc-amanna le haghaidh glaonna áirithe a chur isteach freisin. Chun freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn, d'fhorbair cuid de na creat-chomhpháirtithe atá ag fáil cistiúcháin gníomhaíochtaí amhail feachtais ar na meáin shóisialta, soláthar tacaíochta síceolaíche, nó oiliúint do mheantóirí a oibríonn go deonach[187]. Ó 2023 ar aghaidh, tosóidh na creat-chomhpháirtithe ag athdheonú cistí dá n-eagraíochtaí comhaltais ar an leibhéal áitiúil, rud lenar féidir díriú ar ghníomhaíocht níos sonraí chun freagairt don ghéarchéim sin.

### *4.2.2. Tacaíocht faoi chláir eile de chuid an Aontais*

Tugann an tAontas tacaíocht shuntasach don tsochaí shibhialta trí chuid mhaith clár eile de chuid an Aontais, le cois CERV. Leis an **gclár Ceartais** áirithítear rochtain éifeachtach ar an gceartas don phobal trí thacú le hoiliúint bhreithiúnach agus dámhtar deontais ESS chun tionscadail a chur chun feidhme i gcomhar le húdaráis bhreithiúnacha[188], amhail tionscadail oiliúna trasteorann maidir le dlí an Aontais le haghaidh cleachtóirí an cheartais. Leis na cláir chistiúcháin taighde agus nuálaíochta, **Fís 2020** agus an clár a lean é, **Fís Eorpach** freisin, tugtar tacaíocht do ESSanna agus cosantóirí ceart i roinnt réimsí téamacha[189].

Déantar tionscadail a chistiú tríd an **gclár Erasmus+** ar clár é lena gcuirtear cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais chun cinn. Tugtar tacaíocht airgeadais struchtúrach (deontais oibriúcháin) trí Erasmus+ do ESSanna Eorpacha atá gníomhach in oideachas agus oiliúint don

---

[187] Amhail Women against Violence Europe [Mná san Eoraip i gcoinne an Fhoréigin], Stichting European Roma Grassroots Organisations Network [Líonra Eagraíochtaí Pobail na Romach san Eoraip de chuid Stichting], International Lesbian, Gay, Bisexual, Trans and Intersex Association Europe [Cumann Idirnáisiúnta na Leispiach, na nDaoine Aeracha, na nDéghnéasach, na dTrasinscneach agus na nIdirghnéasach san Eoraip], International Planned Parenthood Federation's European Network [Líonra Eorpach de chuid Chónaidhm Idirnáisiúnta na Tuismitheoireachta Pleanáilte]. Ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2022, bhí feachtas ar bun ar na meáin shóisialta ag an gcreat-chomhpháirtí Polish Schuman Foundation, a bhain le gníomhaíochtaí an Aontais i gcomhthéacs an chogaidh. D'eagraigh sé sraith cruinnithe freisin maidir leis an gcás agus riachtanais na saorálaithe ar an talamh, lena n-áirítear tacaíocht agus oiliúint shíceolaíoch le haghaidh meantóirí a oibríonn go deonach.

[188] Glao ar thograí le haghaidh deontais ghníomhaíochta chun tacú le tionscadail trasnáisiúnta maidir le hoiliúint bhreithiúnach lena gcumhdaítear an dlí sibhialta, an dlí coiriúil nó cearta bunúsacha (JUST-2021-JTRA), https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/programmes/just2027. Mar shampla, sa tionscadal 'Oiliúint frith-SLAPP cheannródaíoch a Fhorbairt le haghaidh saoirse chun tuairimí a nochtadh' faoi stiúir ESSanna, cuirtear oiliúint ar dhlíodóirí a dhéanann ionadaíocht ar iriseoirí agus ar chosantóirí ceart in 11 Bhallstát.

[189] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_ga. Mar shampla, sa tionscadal Seirbhísí arna gCumasú do TFC le haghaidh na himirce (MIICT), díríonn cuibhreannas de ESSanna ar aghaidh a thabhairt ar dhúshlán imeascadh imirceach trí sheirbhísí feabhsaithe theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a chomhchruthú le himircigh, dídeanaithe, seirbhísí na hearnála poiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna) agus grúpaí eile leasmhara. Sa tionscadal Re-InVEST dírítear ar atógáil Eoraip na dlúthpháirtíochta agus na muiníne atá ionchuimsitheach, An Eoraip trí infheistíochtaí sóisialta. I dtionscadal taighde DigiGen (An Ghlúin Dhigiteach) déantar staidéar ar an gcaoi a dhéanann an claochlú digiteach difear do leanaí.

óige agus ó 2021 i leith tá deontais gníomhaíochta bliantúla á moladh aige freisin[190]. Ar deireadh, leis an **gclár maidir le cumhachtú na sochaí sibhialta** tugtar cistiú le haghaidh oiliúint na sochaí sibhialta ionas go gcruthóidh siad insintí chun an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac[191].

I *ngníomhaíochtaí seachtracha* an Aontais, tá cleachtais seanbhunaithe curtha ar bun aige maidir leis an tsochaí shibhialta a chistiú, a bheith rannpháirteach léi, agus chun na dúshláin atá os a comhair a shainaithint trí chláir théamacha agus gheografacha. Le hionstraimí geografacha, amhail an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI-An Eoraip Dhomhanda), soláthraítear tacaíocht spriocdhírithe do ESSanna trí imchlúdaigh réigiúnacha agus náisiúnta ('cláir**na Saoráide Comharsanachta um Shochaí Shibhialta**') chun inniúlachtaí ESSanna a neartú, idirphlé Stát-ESSanna a neartú agus spás sibhialta oscailte a chur chun cinn. Is iad na ESSanna is mó a fhaigheann tacaíocht ón **gclár téamach le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin**agus ón **gclár téamach le haghaidh chearta an duine agus an daonlathais** faoi NDICI-An Eoraip Dhomhanda[192].

## 5. ESSanna agus cosantóirí ceart a chumhachtú

Tá an tsochaí shibhialta ina comhpháirtí gníomhach agus neamhspleách i gcóras an Aontais um chearta bunúsacha. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit aitheantas a thabhairt do róil ESSanna agus cosantóirí gceart, a chur ar a gcumas dóibh dul i mbun gnímh agus a dhéanamh cinnte gurb ann do na dálaí inar féidir leo rannpháirt bhríoch a ghlacadh i gcinnteoireacht agus inar féidir leo beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a théann chun tairbhe ár ndaonlathais a chur chun feidhme. Tá cumhachtú den sórt sin ríthábhachtach chun go mbeidh spás sibhialta bríomhar ann agus[193] chun go mbeidh sé indéanta ag ESSanna agus cosantóirí ceart cuidiú chun

[190] https://erasmus-plus.ec.europa.eu/ga. Mar shampla, le Erasmus+ déantar an Fóram Eorpach don Óige a chomhchistiú, ar ardán é a dhéanann ionadaíocht ar bhreis agus 100 eagraíocht óige agus a oibríonn chun 'an óige a chumhachtú le bheith rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí ar mhaithe lena saol féin a fheabhsú trí ionadaíocht a dhéanamh ar a gcuid riachtanas agus leasanna agus oibriú ar a son sin chomh maith le hionadaíocht agus obair a dhéanamh ar mhaithe lena gcuid eagraíochtaí.' Ina theannta sin, trí ghlaonna bliantúla ar thograí, is féidir le brat-eagraíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna iarratas a dhéanamh ar chistiú freisin. Sampla de sin is ea an tArdán don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, a bhailíonn 42 CSS Eorpacha atá gníomhach i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige agus a dhéanann ionadaíocht ar bhreis agus 50 000 institiúid agus comhlachas oideachais agus a chumhdaíonn earnálacha uile na foghlama idir fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

[191] https://ec.europa.eu/home-affairs/networks/radicalisation-awareness-network-ran/civil-society-empowerment-programme_en

[192] Féach na Pleananna Ilbhliantúla Cur chun feidhme faoi seach ar https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/mip-2021-c2021-9158-civil-society-organisations-annex_en.pdf agus https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/mip-2021-c2021-9620-human-rights-democracy-annex_en.pdf

[193] Féach an straitéis um an gCairt, lch. 10, ina dtugtar an méid seo a leanas ar aird: 'tacóidh an Coimisiún le timpeallacht chumasúcháin le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta, go háirithe trí shnáithe nua luachanna den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna' agus go 'n-iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit

beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a mhúnlú[194]. Cuireann roinnt páirtithe leasmhara in iúl, áfach go mbíonn deacrachtaí ag ESSanna agus cosantóirí ceart *rochtain a fháil ar chomhairliúcháin agus ar idirphlé le páirtithe leasmhara* i roinnt Ballstáit. Ní bhíonn faisnéis faoi chomhairliúcháin oscailte ar fáil i gcónaí ná treoirlínte soiléire maidir le rochtain a fháil orthu.

*Aiseolas ón gcomhairliúchán*

Sa chomhairliúchán a rinneadh chun an tuarascáil seo a ullmhú[195], thuairiscigh níos mó ná leath de na heagraíochtaí (53 %) gur cuireadh bac orthu maidir le 'rannpháirtíocht agus comhar le húdaráis'. Ba iad na dúshláin ba mhó sa réimse sin na bacainní lenar cuireadh srian ar rochtain ag na heagraíochtaí ar chomhairliúcháin agus ar rannpháirtíocht sa chinnteoireacht (45 %) agus ar rochtain ar fhaisnéis agus doiciméid (42 %). Ina theannta sin, dúirt cuid mhaith eagraíochtaí (30 %) gur cuireadh bacainní rompu, ar bhonn níos ginearálta, i ndáil le hidirphlé sibhialta. De réir thorthaí FRA, ní dhéantar ionadaíocht leordhóthanach i gcomhairliúcháin ar mhionlaigh ná ar ghrúpaí leochaileacha ach oiread[196].

### 5.1. Samplaí den chaoi ina gcumhachtaíonn na Ballstáit gníomhaithe ar son na sochaí sibhialta

Tá sé fíor-riachtanach deis a thabhairt do ESSanna agus cosantóirí ceart chun go n-ullmhófar reachtaíocht agus beartais, go gcuirfear chun feidhme iad agus go ndéanfar faireachán orthu. Tá *sásraí comhairliúcháin* cruthaithe ag roinnt Ballstát chun a áirithiú go mbeidh ESSanna agus cosantóirí ceart in ann rannpháirt a ghlacadh agus an deis a bheith acu an difear a d'fhéadfadh beartais a dhéanamh dóibh, dá gcomhaltaí, nó do chearta bunúsacha ar bhonn níos ginearálta a mheas.

Bailíonn an-chuid Ballstát ionchur ó ESSanna agus cosantóirí ceart trí *chomhairliúcháin phoiblí oscailte*. Mar shampla, bíonn comhairliúchán poiblí oscailte agus éisteacht phoiblí ar bun sa **Spáinn** sula ndéantar reachtaíocht a dhréachtú, a bhféadann ESSanna a gcuid eolais agus a mbarúlacha a chomhroinnt lena linn[197]. Mar an gcéanna, déanann mórán Ballstát rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a éascú trí ardáin chomhairliúcháin ar líne lena soláthraítear faisnéis faoi chomhairliúcháin leanúnacha[198]. Tugadh tacaíocht san **Ostair**d'ullmhúchán an phlean náisiúnta

---

timpeallacht thacúil agus shábháilte a chur chun cinn le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí ceart ina gcuid tíortha, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil'.

[194] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), *Protecting civic space in the EU* (2021), lgh. 6, 14.

[195] Comhairliúchán 2022 FRA maidir leis an gCairt: Ceist (K) Obstacles under 'Participation and cooperation with authorities'.

[196] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), *Protecting civic space in the EU* (2021), lch. 9.

[197] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 25.

[198] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 25.

straitéisigh maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta trí phróiseas ina raibh gach duine in ann faisnéis a fháil agus rannchuidiú leis an bplean[199].

I roinnt mhaith Ballstát, mar gheall ar rialacha ginearálta maidir le *measúnuithe tionchair reachtacha* a chur i gcrích, bítear ábalta measúnú a dhéanamh ar thionchar togra reachtaigh ar an tsochaí sibhialta[200]. I roinnt Ballstát, tá an reachtóir faoi oibleagáid sin a dhéanamh. Sa **Ghearmáin**, mar shampla, ní mór measúnú a dhéanamh ar na tionchair rialála uile a bhíonn ag na dréachtaí reachtacha a ullmhaíonn an rialtas cónaidhme, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn acu ar an spás sibhialta[201]. Sa **Laitvia,** déantar tionchair tograí maidir le cearta an duine, luachanna daonlathacha agus forbairt na sochaí sibhialta a mheasúnú mar thionchair chothrománacha[202].

Tá struchtúir bhuana idirphlé fíor-riachtanach chun tacú le forbairt na sochaí sibhialta[203]. Tugann roinnt Ballstát rannpháirt do ESSanna agus cosantóirí ceart trí *ardáin agus líonraí tiomnaithe*, rud lena dtugtar sásra oifigiúil dóibh chun cuidiú le reachtaíocht agus beartais a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Déanann an Chomhairle le haghaidh ENRanna plé mar shampla sa **tSeicia** ar shaincheisteanna tábhachtacha faoi obair ESS agus ghlac sí páirt i gcruthú na straitéise le haghaidh comhar idir lucht an riaracháin phoiblí agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha. Tá modheolaíocht á forbairt chun go n-éascófar a rannpháirtíocht tuilleadh[204]. San**Fhionlainn**, cruthaíodh an Bord Comhairleach le haghaidh Beartas don tSochaí Shibhialta chun idirghníomhaíocht a chur chun cinn idir an rialtas agus an tsochaí shibhialta[205]. In **Éirinn**, is féidir le húdaráis áitiúla nasc a dhéanamh le grúpaí pobail, lena n-áirítear ESSanna, trí líonra rannpháirtíochta poiblí. Tá sé d’aidhm ag an líonra sin go príomha ligean do na comhaltaí a gcuid tuairimí a chur in iúl laistigh de na struchtúir oifigiúla um chinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil[206].

Tugann roinnt Ballstát rannpháirt do ESSanna agus cosantóirí ceart trí *ardáin agus líonraí* atá tiomanta do chearta bunúsacha grúpaí sonracha a chosaint. Sa **Ghréig** mar shampla, bíonn

[199] https://www.zukunftsraumland.at/seiten/185
[200] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 24.
[201] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 14.
[202] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 15.
[203] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), *Protecting civic space in the EU* (2021), lch. 23.
[204] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 24. De réir Thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, tuairiscíonn páirtithe leasmhara nach bhfuil aon bhaint shistéamach ag ESSanna leis an gcinnteoireacht phoiblí sa **tSeicia** go fóill. Ó mhí Iúil 2021 tá bearta sa straitéis le haghaidh comhar idir an riarachán poiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun tacú le rannpháirtíocht agus comhar idir an riarachán poiblí agus an earnáil neamhbhrabúis. Eagraíodh comhairliúchán poiblí maidir le dréacht-mhodheolaíocht i mí Eanáir 2022 ionas gur féidir leis an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí comhairleacha agus oibre agus cuidiú le hábhair reachtacha agus neamhreachtacha na n-údarás riaracháin lárnach a fhorbairt. Tar éis do Chomhairle an Rialtais um Eagraíochtaí Neamhrialtasacha í a fhormheas, déanfar an mhodheolaíocht a bhailíochtú faoi dheireadh 2024, Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, an Chaibidil ar an tSeicia, lgh. 19-20.
[205] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 24.
[206] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 24.

ESSanna rannpháirteach sa Chomhairle Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais agus na hÉadulaingthe agus téann siad i gcomhar le hOifig an Rapóirtéara Náisiúnta maidir le saincheisteanna gáinneála ar dhaoine.[207] Sa **Spáinn,** bíonn ESSanna rannpháirteach i gComhairle Rannpháirtíochta na mBan, a dhéanann obair chun comhionannas agus neamh-idirdhealú a chaomhnú. Bíonn ESSanna rannpháirteach sa Chomhairle Náisiúnta maidir le Míchumas freisin agus glacann siad páirt sa Chomhairle um Chóir Chomhionann le haghaidh Daoine agus Neamh-idirdhealú ar bhonn a mBunaidh Chiníoch nó Eitnigh a chur chun cinn[208]. Sa **Phortaingéil**, soláthraíonn an Chomhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta fóram le haghaidh idirphlé a dhéanamh ar shaincheisteanna socheacnamaíocha idir na comhpháirtithe sóisialta agus na ESSanna[209].

Bíonn Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (NHRInna) agus comhlachtaí um chomhionannas i dteagmháil le ESSanna go tráthrialta agus ar bhonn leantach agus gníomhaíonn siad mar nasc idir iad siúd agus leibhéil éagsúla rialtais. Tugann siad rannpháirt do ESSanna i gcomhairliúcháin, coistí comhairleacha, comhthionscnaimh agus imeachtaí idirphlé. Tá ESSanna ionchorpraithe ina gcuid comhlachtaí rialaithe ag formhór na gcomhlachtaí comhionannais[210]. Cé go labhraíonn roinnt NHRInna agus comhlachtaí comhionannais faoin dea-chomhar leis na húdaráis, tá dúshláin ann i gcónaí maidir le comhairliúcháin thráthúla agus thrédhearcacha, maidir le faisnéis a sholáthar agus maidir le bheith rannpháirteach go córasach neamhspleách ar a dtionscnamh féin[211]. Maidir le NHRI creidiúnaithe, níl aon cheann curtha ar bun i gcomhréir le Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe[212] ag ceithre Bhallstát go fóill.

### 5.2. Gníomhaíocht an Aontais chun an tsochaí shibhialta a chumhachtú

I gConarthaí bunaidh an Aontais Eorpaigh aithnítear a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus idirphlé ag an tsochaí sibhialta. In Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ceanglaítear ar institiúidí an Aontais deis a thabhairt do shaoránaigh agus comhlachais ionadaíochta barúlacha a chur in iúl i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais agus na barúlacha sin a mhalartú go poiblí. Leis an Airteagal sin cuirtear leis an oibleagáid atá ar na hinstitiúidí idirphlé oscailte, trédhearcach agus tráthrialta a choinneáil ar bun le comhlachais ionadaíochta agus leis an tsochaí

[207] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 5.
[208] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 3,
[209] Deimhnítear i dTuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta go leanann ESSanna sa **Phortaingéil** de bheith bainteach le tionscnaimh de chuid an rialtais, d'ainneoin dúshláin áirithe, go háirithe tionscnaimh rannpháirtíochta sibhialta agus comhionannais inscne, Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, an Chaibidil ar an bPortaingéil, lch. 1, 17-18, 23-24.
[210] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lch. 4.
[211] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA le ENNHRI agus EQUINET, tuarascáil achoimre, lgh. 6 agus 13.
[212] De réir Thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, de dheasca moille sa phróiseas reachtach, níl aon NHRI cruthaithe go fóill san **Iodáil.** Moltar sa tuarascáil go gcuirfear dlús le hiarrachtaí na hIodáile chun NHRI a bhunú, agus Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh aici, agus moltar nach mór rannpháirtíocht dhaonlathach ag ESSanna a chur chun cinn trí bhord comhairleach buan, Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, an Chaibidil ar an Iodáil, lch. 1, 23). Tá moltaí comhchosúla déanta maidir leis an **tSeicia**, **Málta** agus an **Rómáin**.

shibhialta agus comhairliúcháin leathana a dhéanamh maidir le tionscnaimh nua. Le hAirteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tá sé d'oibleagáid ar na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá chomh hoscailte agus is féidir chun dea-rialachas a chur chun cinn agus chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú.

Aithnítear sa Chairt na cearta um an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (Airteagal 11) agus an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais (Airteagal 12). I gcomhréir le dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, tá sé dearbhaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) gurb ionann an ceart chun saoirse comhlachais agus ceann de bhunúis fíor-riachtanacha sochaí daonlathaí agus iolraí toisc go gcuireann sí ar a gcumas do shaoránaigh gníomhú i gcomhpháirt i réimsí leasa choitinn agus, trí sin a dhéanamh, go rannchuidíonn sí le feidhmiú ceart an tsaoil phoiblí[213].

Léirítear i bhfeidhmiú an Aontais agus ina bheartais an t-aitheantas a thugtar do phríomhról an spáis shibhialta.

*Rannpháirtíocht i gceapadh beartas*

Ó bhí 2015 ann, éilítear leis an gclár oibre maidir le Rialáil Níos Fearr go ndéanfar machnamh, tráth a ullmhaítear tionscnaimh reachtacha, ar na tionchair a bhíonn ar chearta bunúsacha, mar aon le tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil freisin, ar bhonn níos ginearálta[214]. Leis an gclár oibre sin éilítear ar institiúidí an Aontais measúnú a dhéanamh sna comhaid choincréiteacha ar an mbealach is fearr chun cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus tugtar deis do ESSanna agus cosantóirí ceart freisin chun an bealach a chuirtear an tionchar a imrítear ar chearta bunúsacha féideartha san áireamh i reachtóireacht an Aontais a fheiceáil. Trí chomhairliúchán agus sásraí idirphlé cuirtear ar a gcumas freisin do ESSanna agus do chosantóirí ceart a gcuid barúlacha a chur i láthair maidir le reachtaíocht agus beartas an Aontais ar feadh an timthrialla beartais ó chéad ullmhúchán an tionscnaimh go dtí an chaibidlíocht idir na comhreachtóirí, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

*Sásraí foirmiúla comhairliúcháin agus gearáin*

Leis an mbosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr[215] deimhnítear a thábhachtaí atá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, i gceapadh beartas ag an Aontas. Trí

[213] Breithiúnas CBAE i gcás C-78/18, *An Coimisiún v An Ungáir*, cit., mír 112, ag tagairt do Bhreithiúnas ECtHR an 17 Feabhra 2004, *Gorzelik agus páirtithe eile v An Pholainn*, iarratas Uimh. 44158/98, §§ 88, 90 agus 92, agus an 8 Deireadh Fómhair 2009, *Tebieti Mühafize Cemiyyeti agus Israfilov v Azerbaijan*, iarratas Uimh. 37083/03, §§ 52-53.
[214] Uirlis #11 den Bhosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr (2021)
[215] https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga

dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara léirítear leis sin cuid shuntasach den cheapadh beartais ar bhonn fianaise agus cuirtear le dlisteanacht an phróisis ceaptha beartas ar bhonn rí-luachmhar mar gheall air.

Is é tairseach 'Cloisimis Uait'[216] an pointe iontrála le haghaidh an ionchuir uile a ghabhann le tograí reachtacha, le meastóireacht, le seiceálacha oiriúnachta agus le cumarsáid. Cuirtear ar chumas na bpáirtithe leasmhara uile, mar gheall uirthi, rannchuidiú le tionscnaimh sula nglactar iad agus tar éis a nglactha. Is féidir sin a dhéanamh trí aiseolas ginearálta a sholáthar nó barúlacha agus eolas a roinnt i gcomhairliúchán poiblí oscailte. Le bailiú aiseolais tugtar an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a roinnt maidir le doiciméad sonrach ('glao ar fhianaise' de ghnáth).

Mar chuid den chomhairliúchán poiblí cuirtear ceisteanna ar an bpobal, chomh maith le ceisteanna speisialaithe, i gcás inarb ábhartha, do shaineolaithe ESS, gnólachtaí, údaráis phoiblí, an lucht acadúil etc. Féadfaidh freagróirí a n-ionchur a fhorlíonadh le hionchur scríofa, amhail páipéir sheasaimh. Is féidir freagraí a thabhairt in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh[217].

Féadfaidh ionadaithe ESSanna agus chosantóirí na gceart gearáin fhoirmiúla a thaisceadh leis an gCoimisiún freisin nuair a bhíonn amhras orthu faoi dhlí an Aontais a bheith briste ag údaráis Bhallstáit. I ndiaidh dó measúnú a dhéanamh ar an ngearán, cinneann an Coimisiún cé acu a thionscnóidh nó nach dtionscnóidh sé imeachtaí um shárú[218].

Ina theannta sin, tá sainordú ag an Ombudsman Eorpach gearáin ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí a imscrúdú i gcás drochriarachán institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear i gcás ina sáraítear cearta bunúsacha[219].

Is comhpháirtithe an-tábhachtach in *ullmhúchán thionscnaimh an Aontais*iad gníomhaithe na sochaí sibhialta. Sampla de sin is ea an ról a bhí ag ESSanna le déanaí i gcur chuige an Aontais i leith intleacht shaorga (AI) duine-lárnach agus iontaofa a chruthú[220]. Rannchuidigh breis agus 160 ESS leis an gcomhairliúchán poiblí faoin **bPáipéar bán maidir le AI**[221]. Sholáthair siad ionchur luachmhar don **togra le haghaidh rialachán maidir le AI**[222], lena ndírítear ar mhargadh aonair a chruthú le haghaidh AI iontaofa atá sábháilte agus ina n-urramófar cearta bunúsacha.

[216] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say_ga
[217] An bosca uirlisí um rialáil níos fearr lgh. 113-132, 446.
[218] https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/complaints-about-breaches-eu-law/how-make-complaint-eu-level_ga
[219] https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home
[220] Bhí ESSanna ina gcomhaltaí den Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga, a chuir na*Treoirlínte Eitice maidir le IS Iontaofa i láthair*, agus uirlis féinmheasúnaithe le haghaidh forbróirí agus úsáideoirí chórais AI.
[221] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/commission-white-paper-artificial-intelligence-feb2020_en.pdf
[222] COM(2021) 206 final. Coinníonn ESSanna idirphlé gníomhach ar bun leis an gCoimisiún agus le comhreachtóir an Aontais le linn an phróisis reachtaigh freisin. Táthar den tuairim go mbeidh siad ina gcomhpháirtithe

Áirítear ar shamplaí eile a bhí ann le déanaí an togra le haghaidh treoir maidir le **dícheall cuí in inbhuanaitheacht chorparáideach**[223], an **pacáiste frith-SLAPPanna (cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail)**[224], an togra le haghaidh bhunú an spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte[225]**,** an moladh ón gCoimisiún maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú **iriseoirí agus oibreoirí eile sna meáin**[226] agus an tionscnamh reachtach chun neart a chur le **ról agus cumhachtaí comhlachtaí comhionannais**[227]. Tá comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta ina gcuid lárnach d'ullmhúchán agus cur chun feidhme **comhaontuithe trádála de chuid an Aontais freisin**[228]. Chruthaigh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe ar bhonn **barúlacha imirceach i réimse na himirce, an tearmainn agus an imeasctha**, de chomhdhéanamh ionadaithe ar an tsochaí shibhialta a bhfuil an saineolas ábhartha acu, chun comhairle a sholáthar maidir le beartais imirce.

Leis an **Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ Comhionannas de chuid an Aontais Eorpaigh[229]** bunaítear comhairliúchán leanúnach le ESSanna maidir lena cur chun feidhme. Tugtar rannpháirt do ESSanna i gcuid mhaith gníomhaíochtaí den Straitéis sin, lena n-áirítear rannpháirt san idirphlé leis na Ballstáit. Leagtar béim mhór ar rannpháirtíocht ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas i **gcreat straitéiseach an Aontais[230]** le haghaidh chomhionannas,

tábhachtacha sa ghrúpa saineolaithe de pháirtithe leasmhara iomadúla a bheidh ag tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta tar éis a glactha.

[223] Fuarthas freagairtí sa chomhairliúchán poiblí oscailte ó 1 620 eagraíocht neamhrialtasach, 5 eagraíocht tomhaltóirí agus 4 eagraíocht chomhshaoil, https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12548-Sustainable-corporate-governance/public-consultation_ga. Eagraíodh cruinniú comhchéime le ESSanna, agus bhí roinnt mhaith cruinnithe ar bun idir an Coimisiún, cosantóirí ceart agus eagraíochtaí comhshaoil.

[224] Tá na torthaí ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13192-EU-action-against-abusive-litigation-SLAPP-targeting-journalists-and-rights-defenders/public-consultation_ga.

[225] COM(2022) 197 final. Fuarthas 382 fhreagairt bhailí de bharr an chomhairliúcháin phoiblí oscailte, lena n-áirítear ó 84 eagraíocht neamhrialtasach (NGOnna) agus ó 4 eagraíocht tomhaltóirí. Bailíodh barúlacha maidir le réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear rochtain ar shonraí sláinte, idir-inoibritheacht sonraí sláinte, bonneagar digiteach, ceanglais le haghaidh soláthraithe réitigh sláinte digití, úsáid thánaisteach sonraí agus ceanglais i ndáil le cáilíocht sonraí, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/mionsonra/en/ip_21_2083.

[226] Moladh ón gCoimisiún (AE)2021/1534 an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú, arna ullmhú i gcomhairliúchán le heagraíochtaí agus comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar iriseoirí nó a sholáthraíonn tacaíocht dóibh.

[227] Eagraíodh roinnt mhaith gníomhaíochtaí comhairliúcháin le ESSanna, lena n-áirítear trí cheardlann, comhdháil dheiridh agus an t-idirphlé maidir le beartas don óige. Go hiomlán, d'fhreagair 38 ESS an comhairliúchán poiblí maidir leis an tionscnamh (arb ionann iad agus 21 % de na freagróirí). Chomh maith le bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin, chuaigh na comhlachtaí comhionannais agus Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) faoi agallamh agus d'fhreagair siad suirbhéanna spriocdhírithe.

[228] Foilsíonn an Coimisiún a chuid moltaí le haghaidh treoracha caibidlíochta ionas gur féidir leis an tsochaí shibhialta barúlacha a thabhairt. Déantar measúnú tionchair inbhuanaitheachta a ngabhann rannpháirtíocht an-ard leis chun go soláthrófar anailís níos grinne ar éifeacht fhéideartha na caibidlíochta trádála leanúnaí uile ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, chearta an duine agus an chomhshaoil de. Tar éis na caibidlíochta, foilsíonn an Coimisiún téacs deiridh an chomhaontaithe agus tuarascálacha agus cláir oibre na gcoistí agus an t-idirphlé a chuirtear ar bun mar chuid de na comhaontuithe trádála. A luaithe a thagann an comhaontú i bhfeidhm, foilsíonn an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar éifeacht an chomhaontaithe, agus bíonn ionchur na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear na sochaí shibhialta, ina fhoinse shuntasach chuige sin aige.

[229] COM(2020) 698 final.

[230] COM(2020) 620 final.

chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, go háirithe rannpháirtíocht shochaí sibhialta na Romach.

*Cistí an Aontais a chur chun feidhme*

Faoi **Rialachán na bhForálacha Coitianta (CPR)**[231] is féidir cúraimí a leagan, le hiontaoibh, ar ESSanna agus cosantóirí ceart. Faoin reachtaíocht sin, ní mór do na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur i gcomhréir le forálacha ábhartha na Cairte a cheapfar agus a chuirfear chun feidhme cláir atá á gcistiú ag an Aontas.[232] Is cuid den choinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte é sin (an 'coinníoll cumasúcháin cothrománach')[233]. Foráiltear ann freisin do 'chomhpháirtíocht' le roinnt comhlachtaí réigiúnacha, áitiúla agus sochaí sibhialta, amhail comhlachtaí um chearta bunúsacha. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirt do na comhlachtaí sin i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gclár, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar choiste a bheidh i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme clár cistiúcháin, coiste a mbeidh ionadaíocht chothrom na gcomhpháirtithe lena mbaineann á háirithiú ann.

Tá socruithe á ndéanamh i gcónaí ag na Ballstáit chun go mbeidh ESSanna rannpháirteach i gcur chun feidhme an choinníll cumasúcháin chothrománaigh[234]. Ní mór dóibh, i gcás inarb ábhartha, acmhainní iomchuí ó na cistí a leithdháileadh d'fhothú acmhainneacht riaracháin na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna)[235].

Sa **Danmhairg** mar shampla, áiríodh ESSanna agus NHRInna i gcomhairliúcháin dhéthaobhacha agus phoiblí a d'eagraigh údarás bainistíochta na gclár ESS. Bíonn siad rannpháirteach freisin san fhaireachán ar chur chun feidhme na gclár uile[236]. Sa **Rómáin**, tá coistí faireacháin bunaithe

[231] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706. Chun tacú leis na Ballstáit, tá lámhleabhar oiliúna digiteach á fhorbairt ag an gCoimisiún chun cuidiú le hurramú na Cairte a áirithiú tráth a chuirtear na cistí lena mbaineann chun feidhme.

[232] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí.

[233] Airteagal 15 CPR agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis. Ceanglaítear le hAirteagal 8 den CPR go dtabharfaidh na Ballstáit rannpháirt do ESSanna in ullmhú comhaontuithe comhpháirtíochta agus i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gclár, lena n-áirítear ar choistí faireacháin. Ceanglaítear ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, le hAirteagal 9(1) den CPR, urramú ceart bunúsach agus comhlíontacht na Cairte a áirithiú nuair a chuirtear cistí chun feidhme a chumhdaítear le CPR. Féach https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/find-funding/funding-management-mode/common-provisions-regulation_ga.

[234] Amhail iad siúd atá freagrach as cuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn, chomh maith le comhpháirtithe comhshaoil. Féach Caibidil 2 freisin.

[235] Airteagal 8 RFC.

[236] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26.

ag údaráis bhainistíochta gach cláir agus áirítear ESSanna iontu le haghaidh na gclár uile[237]. Sa **tSeicia**, áirítear ESSanna i measc na gcomhlachtaí a dhéanann na cistí CPR a ullmhú agus a chur chun feidhme agus a dhéanann faireachán orthu. Cuirtear ar a gcumas dóibh leis sin tionchar a imirt ar inneachar na gclár agus ar ghlaonna ar chistiú agus chun a bheith rannpháirteach sa mheastóireacht agus san fhaireachán, lena n-áirítear comhlíontacht na n-oibríochtaí leis an gCairt[238].

*Idirphlé struchtúrach feabhsaithe*

Chomh maith le comhairliúcháin, tá roinnt *sásraí idirphlé*saincheaptha cruthaithe ag an gCoimisiún chun páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ESSanna agus cosantóirí ceart a chumasú chun rannchuidiú ar bhonn tráthrialta le ceapadh beartas agus cur chun feidhme i réimsí sonracha. Is trí fhóraim agus ardáin, mar shampla, a bhíonn idirphlé struchtúrach na sochaí sibhialta ar siúl, a gcumhdaítear leo réimsí beartais leathana amhail **Fóram Buan na Sochaí Sibhialta um Frithchiníochas**, an **tArdán um an Míchumas**[239], an **Fóram Eorpach um Inimirce**[240], agus **Ardán Beartais Sláinte an Aontais.** Cuireadh **Líonra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh** ar bun chun tacú le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh a chur chun feidhme agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi. Seoladh an **tArdán le haghaidh Íospartaigh** in 2020 chun idirphlé a éascú mar aon le malartú dea-chleachtais agus faisnéise i measc comhaltaí, a dtagann dhá thrian díobh ón tsochaí shibhialta[241].

Tá idirphlé bunaithe ag an Aontas ar ábhair níos sonraí freisin, mar shampla **Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Comhionannas LGBTIQ,** an **tArdán Eorpach um Chuimsiú na Romach** agus**Faireachán Sibhialta na Romach 2025**[242], **Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le**

---

[237] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26. Mar an gcéanna, sa **tSlóvaic**, bíonn ESSanna rannpháirteach i bhfaireachán a dhéanamh ar chláir CPR mar chomhaltaí coistí faireacháin agus meithleacha. Tá córas faireacháin um an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach á chur ar bun ag an Aireacht Saothair maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26). Sa **Spáinn**, déantar ionadaíocht ar ESSanna ar choistí faireacháin gach cláir oibríochtúil a chómhaoinítear le cistí ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Agus iad rannpháirteach iontu siúd, díríonn siad, as measc eile, ar na critéir roghnúcháin, ar thuarascálacha cur chun feidhme agus ar achoimrí poiblí (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26). San **Fhionlainn**, áirítear beirt ionadaithe de chuid na n-eagraíochtaí atá freagrach as cuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn, ar an gcoiste faireacháin a ceapadh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chlár réigiúnach agus struchtúrach an Aontais le haghaidh 2021-2027, faoi stiúir na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta (Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26).

[238] Comhairliúchán spriocdhírithe FRA leis na Ballstáit, tuarascáil achoimre, lch. 26.

[239] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=89&newsId=10124&furtherNews=yes

[240] https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/legal-migration-and-integration/european-migration-forum-emf_en

[241] Tá 34 chomhalta, lena n-áirítear 23 chomhalta ón tsochaí shibhialta, ar an Ardán https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/criminal-justice/protecting-victims-rights/victims-rights-platform_en.

[242] https://romacivilmonitoring.eu/

**Drugaí**[243]agus **Ardán Shochaí Shibhialta an Aontais in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine**. Le Fóram na **Sochaí Sibhialta maidir le frith-Sheimíteachas a Chomhrac** tugtar ionadaithe ón gCoimisiún agus na pobail Ghiúdacha, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara eile le chéile chun naisc a chruthú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as éifeacht na gníomhaíochta comhpháirtí. Mar shínitheoirí leis an **gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis** agus mar chomhaltaí de **thascfhórsa buan an Chóid**, soláthraíonn ESSanna sainchomhairle maidir le tuiscint níos fearr a fháil ar insintí bréagaisnéise atá ag teacht chun cinn nó ar phríomhnithe insoláthartha a fhorbairt, amhail táscairí i ndáil le héifeacht an Chóid maidir le bréagaisnéis san Aontas a thomhas[244].

Tá an tsochaí shibhialta ina comhpháirtí tábhachtach ag an Aontas freisin i gcur chun cinn cultúr *smacht reachta* níos láidre. Le linn do na tuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta a bheith á n-ullmhú ag an gCoimisiún, reáchtálann sé cruinnithe le páirtithe leasmhara, amhail líonraí Eorpacha, ESSanna náisiúnta agus Eorpacha, agus eagraíochtaí gairmiúla[245]. Soláthraíonn ESSanna agus cosantóirí ceart ionchur scríofa freisin le haghaidh na dtuarascálacha. Is fíor-riachtanach sin ionas go ndéanfar measúnú feasach ar na réimsí a chumhdaítear leis na tuarascálacha, eadhon na córais bhreithiúnacha, na córais frithéillithe, iolrachas na meán agus saoirse na meán, agus srianta agus ceartúcháin institiúideacha eile.

Bíonn idirphlé tráthrialta ar siúl ag an tsochaí shibhialta[246] agus ag grúpaí comhairleacha baile[247] freisin maidir le saincheisteanna *um thrádáil AE*, agus cuidíonn grúpaí idirphlé shibhialta leis an gCoimisiún chun idirphlé tráthrialta a choinneáil ar bun maidir le saincheisteanna uile **an chomhbheartais talmhaíochta** [248]. Coinníonn an Coimisiún idirphlé struchtúrach ar bun freisin

[243] Is grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin é Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Drugaí san Aontas chun tacú le foirmliú agus cur chun feidhme an bheartais maidir le drugaí. Cruthaíodh é in 2007 agus faoi láthair tá 43 chomhalta ann a dhéanann ionadaíocht ar raon réimsí beartais drugaí, lena n-áirítear laghdú díobhála, cóir leighis, cosc, ath-imeascadh sóisialta, etc.

[244] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/code-practice-disinformation

[245] Bhí an tsochaí shibhialta gníomhach ó thaobh aiseolas agus moltaí a thairiscint i ndáil leis an tuarascáil maidir leis an smacht reachta mar shásra: ráiteas comhpháirteach ar na tuarascálacha maidir leis an smacht reachta-22-09-21-epd.pdf. Tá machnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir leis na bealaí chun freagairt don aiseolas sin agus an rannpháirtíocht a fheabhsú, in 2022 mar shampla, áiríodh moltaí ann a bhain go sonrach le tíortha ar leith, rud a d'iarr roinnt ESSanna.

[246]Tá tuairim is 360 eagraíocht cláraithe i mbunachar sonraí an Líonra um Comhphlé leis an tSochaí Shibhialta faoi láthair, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha traidisiúnta, eagraíochtaí fostóirí, eagraíochtaí ceardchumainn, comhlachais chomhshaoil agus tomhaltóirí , comhlachais ghnó, grúpaí creideamh-bhunaithe chomh maith le hionadaithe Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Tacaíonn grúpa teagmhála de 13 chomhalta le comhphlé na sochaí sibhialta.

[247] https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/transparency-eu-trade-negotiations/domestic-advisory-groups_en

[248] https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/committees-and-advisory-councils/civil-dialogue-groups_en. Go háirithe, mar chuid d'obair an Aontais chun tásca geografacha a chosaint, de bharr teagmhálacha minice le ESSanna tacaítear leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún trí aiseolas a sholáthar maidir leis an mbealach ar a bhfuil an sásra ag obair agus trí réimsí a shainaithint ina bhfuil gníomhaíocht bhreise de dhíth iontu.

leis na ESSanna atá gníomhach i réimsí an *mhíchumais, an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta agus le*[249] hearnálacha *an chultúir agus na cruthaitheachta*[250].

Is ionann **Fóram bliantúil AE-Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR) maidir le Cearta an Duine**agus deis shuntasach le haghaidh malartú leis an tsochaí shibhialta agus cosantóirí ceart trí *ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais*, ar fóram é a eagraíonn an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Coimisiún agus scáthghrúpa na sochaí sibhialta an 'Gréasán um Chearta an Duine agus um an Daonlathas (HRDN)'. Bailíonn na céadta ESSanna, cosantóirí chearta an duine agus ionadaithe ó na Náisiúin Aontaithe agus ó institiúidí an Aontais Eorpaigh ag an imeacht sin chun idirphlé a dhéanamh ar na saincheisteanna is práinní maidir le cearta an duine[251].

Is é **an Fóram Beartais um Fhorbairt (FBF)**príomhardán an Aontais le haghaidh idirphlé struchtúrach idir an tAontas agus líonraí ESSanna maidir le saincheisteanna forbartha, lena n-áirítear idirphlé maidir le saincheisteanna i ndáil le timpeallacht chumasaithe le haghaidh na sochaí sibhialta i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais.

Ar leibhéal thíortha comhpháirtíochta an Aontais, is é creat na tacaíochta don tsochaí shibhialta 110 **Treochláir Thíortha le haghaidh ESSanna**; Straitéisí an Aontais agus Bhallstáit an Aontais le haghaidh rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, ina léirítear príomhthosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear díriú níos fearr ar thacaíocht le haghaidh timpeallacht chumasaithe don tsochaí shibhialta. San idirphlé ar bheartas ar leibhéal na dtíortha, dírítear freisin i nglúin nua na dTreochlár ar chuimsiú na sochaí sibhialta, lena n-áirítear cuimsiú na mban agus na hóige agus eagraíochtaí áitiúla.

## 6. Conclúid

Tá an tsochaí sibhialta ina cuid fíor-riachtanach dár ndaonlathais agus tá sí ríthábhachtach ó thaobh na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an tAontas bunaithe a chur i gcleachtas. Tá ESSanna agus cosantóirí ceart ina gcomhpháirtithe rí-luachmhara maidir le cearta bunúsacha a chruthú i ndáiríre i saol an duine. Tá neart den scoth agus athléimneacht as cuimse léirithe acu go leanúnach i ndálaí a bhíonn thar a bheith dúshlánach, go háirithe le linn na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí.

[249] Is é príomhimeacht an idirphlé shóisialta an Coinbhinsiún Bliantúil maidir le Fás Cuimsitheach, imeacht 1 lá amháin ag a mbailíonn tuairim is 450 páirtí leasmhar le chéile chun idirphlé a dhéanamh maidir le hábhar atá thar a bheith ábhartha ó thaobh chlár oibre an Aontais a fhorbairt. Áirítear leis an idirphlé sóisialta freisin Cruinniú Eorpach na nDaoine atá Thíos leis an mBochtaineacht.

[250] https://voicesofculture.eu/

[251] Ag 23ú eagrán den Fhóram in 2021 rinneadh idirphlé ar théarnamh, bunaithe ar chearta an duine, ón bpaindéim agus rinneadh moltaí sonracha don lucht ceaptha beartas (https://www.eeas.europa.eu/eeas/eu-ngo-human-rights-forum_en), agus ag Fóraim a tharla le déanaí chuathas i ngleic le hábhair amhail cosantóirí cearta an duine ó thaobh an chomhshaoil de agus laghdú ar an spás sibhialta.

Dá bhrí sin is gá do na Ballstáit agus don Aontas iarracht leantach agus chomhpháirteach a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh ESSanna agus cosantóirí ceart in ann oibriú i dtimpeallacht chumasaithe mar chomhpháirtithe tábhachtacha i ndáil lenár ndaonlathais a chosaint, lena n-áirítear ar uathlathaithe eachtracha a dhíríonn ar ár dtíortha féin[252].

Léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil bearta á ndéanamh ag na Ballstáit agus ag an Aontas, ar leibhéil éagsúla, chun na gníomhaithe sa tsochaí shibhialta a chosaint, chun tacú leo agus chun iad a chumhachtú. Léirítear inti freisin an raon deiseanna atá ag ESSanna agus cosantóirí ceart, mar chomhpháirtithe luachmhara na gcinnteoirí, chun a gcuid barúlacha a chur in iúl maidir le reachtaíocht agus ceapadh beartas. An tráth céanna, is ann do roinnt mhaith dúshlán i gcónaí.

Mar a chuir na ESSanna[253], Parlaimint na hEorpa[254], agus an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[255] i dtábhacht, is gá dlús a chur leis an obair i leith spás sibhialta a chumasú agus a chumhachtú trí bhearta coincréiteacha agus spriocdhírithe a dhéanamh atá saincheaptha le haghaidh shaintréithe sonracha na ESSanna agus na gcosantóirí ceart. D'fhéadfadh sé, ar ndóigh, gurb éagsúil na dúshláin atá os comhair ESSanna agus cosantóirí ceart, agus na freagairtí is gá, de réir na staide náisiúnta agus an ábhair. Ba cheart an cuspóir coiteann céanna a bheith ag an Aontas i gcónaí áfach: ESSanna agus cosantóirí ceart a chosaint, tacú leo agus iad a chumhachtú.

Is mór ag an gCoimisiún an rannpháirtíocht láidir agus an t-ionchur láidir ó ghníomhaithe na sochaí sibhialta, ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ó na Ballstáit, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha chomh maith, in ullmhú na tuarascála seo. Soláthraítear leis an méid sin bunús maith chun obair bhreise a dhéanamh ar an ábhar.

Spreagann an Coimisiún institiúidí eile de chuid an Aontais, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara chun feidhm a bhaint as an tuarascáil seo ar mhaithe le hidirphlé a dhéanamh ar thorthaí na tuarascála agus idirphlé a fhorbairt maidir le spás sibhialta san Aontas. Go háirithe, spreagann an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun idirphlé tiomnaithe a bheith acu maidir le torthaí na tuarascála. Chun tacú leis an díospóireacht sin, seolfaidh an Coimisiún idirphlé spriocdhírithe leis na páirtithe leasmhara trí shraith seimineár téamach maidir leis an spás sibhialta a chosaint, ag díriú ar an *gcaoi inar féidir leis an Aontas a ról a fhorbairt chun go gcosnóidh sé ESSanna agus cosantóirí ceart, go dtacóidh sé leo agus go ndéanfaidh sé*

[252] In 2023, cuirfidh an Coimisiún Pacáiste um Chosaint an Daonlathais chun cinn chun an ghníomhaíocht faoin bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach a dhoimhniú; COM(2022) 548 final, lch 11.
[253] Féach freisin an Fóram Sibhialta Eorpach agus Civic Space Watch, *Towards vibrant European civic and democratic space* [I dtreo spás sibhialta Eorpach atá daonlathach bríomhar] (2022), Civil Society Europe, *European Commission Work Programme 2023: the need to include the development of a European Civil Society Strategy* (2022), Recharging Advocacy for Rights in Europe, *Advocacy brief on an European strategy for civil society: recognition, inclusion, protection* (2022).
[254] Féach fonóta 83 maidir leis an dá thuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa.
[255] Féach fonóta 36 maidir leis na moltaí ón gComhdháil.

*iad a chumhachtú* ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a shainaithnítear sa tuarascáil seo. D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh sna seimineáir sin ar théamaí amhail an spás sibhialta digiteach a chosaint, conas cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta a dhíriú níos fearr chun tacú le ESSanna agus cosantóirí ceart, agus na bealaí chun an spás sibhialta a chumhachtú chun dlús a chur faoinár n-athléimneacht dhaonlathach. Cuirfear toradh na díospóireachta sin i láthair agus déanfar idirphlé air ag cruinniú comhchéime ardleibhéil Eorpach in 2023.